Comhairle Chontae na Gaillimhe

# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

## TMTT – Tuarascáil Bhreise Nuashonraithe - Measúnacht maidir leis an Tionchar Carnach Foriomlán (Ag dul i ngleic le hiarratais atá ceadaithe nó reatha ach ar feitheamh ó Foilsíodh an TMTT)

TABHAIR AIRD: - Léirítear an t-eolas nuashonraithe i dtéacs dearg nó i dtéacs dearg a bhfuil líne tríd.

Glactar san áireamh sa tuarascáil seo na treoracha ar leith ónár gcliaint agus riachtanais ár gcliaint.

Ní d'aon tríú páirtí an tuarascáil seo agus níor cheart go mbeadh aon tríú páirtí ag brath uirthi agus ní bheifear freagrach maidir le haon tríú páirtí.

Uimhir Jab 223985-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
Teach Corparáideach
Páirc Gnó Oirthear na Cathrach
Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
H91 K5YD
Éire
www.arup.com

ARUP

# Document Verification

ARUP

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Job title** | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe | **Job number** | 223985-00 |
| **Document title** | TMTT – Tuarascáil Bhreise Nuashonraithe - Measúnacht maidir leis an Tionchar Carnach Foriomlán (Ag dul i ngleic le hiarratais atá ceadaithe nó reatha ach ar feitheamh ó Foilsíodh | **File reference** | |
| **Document ref** | | | |

| **Athbhreithniú** | **Date** | **Filename** | Cumulative Impact Assessment Addendum - Update for OH Resumption - D2.docx | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dréacht 1 | 7 DF 2020 | **Description** | Draft 1 | | |
| | | | Prepared by | Checked by | Approved by |
| | | Name | Fiona Patterson | Mary Hurley | Eileen McCarthy |
| | | Signature | | | |
| Eagrán | 15 D.F 2020 | **Filename** | Cumulative Impact Assessment Addendum_I3 | | |
| | | **Description** | | | |
| | | | Prepared by | Checked by | Approved by |
| | | Name | | | |
| | | Signature | Fiona Patterson | Mary Hurley | Eileen McCarthy |
| | | **Filename** | | | |
| | | **Description** | | | |
| | | | Prepared by | Checked by | Approved by |
| | | Name | | | |
| | | Signature | | | |
| | | **Filename** | | | |
| | | **Description** | | | |
| | | | Prepared by | Checked by | Approved by |
| | | Name | | | |
| | | Signature | | | |

| | |
|---|---|
| **Issue Document Verification with Document** | ✓ |

# Clár

Leathanach

**1 Réamhrá 1**

1.1 Cúlra 1

1.2 Tograí eile a tugadh san áireamh ó foilsíodh an TMTT 4

1.3 Cúrsaí Tráchta 9

**2 Measúnacht maidir le Tionchar Carnach Foriomlán 10**

# 1 Réamhrá

## 1.1 Cúlra

Éilítear faoi Iarscríbhinn IV (5)(e) den Treoir TMTT arna leasú le Treoir 2014/52/AE go mbeadh mar chuid den TMTT:

"*Cur síos ar thionchar suntasach is dócha a bheith ag an togra ar an timpeallacht mar gheall, inter alia:*

*(e) ar charnadh an tionchair le tionchar ó* ***thograí reatha agus/nó ó thograí ceadaithe eile****, ar aon fhadhbanna reatha maidir le cúrsaí timpeallachta a thabhairt san áireamh a bhaineann le réimsí mórthábhachtacha timpeallachta ar dhócha cur isteach orthu nó le húsáid as acmhainní nádúrtha;*

Cuirtear an mheasúnacht tionchair cumaisc i ndáil leis an mbóthar beartaithe (N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (N6 CBCG)) a fhorbairt i gcumasc le tograí eile i láthair in Alt 19.5 (leathanaigh 1671-1709) i gCaibidil 19 (Mórthionóiscí, Idirghaolmhaireachtaí, Idirghníomhaíochtaí agus Tionchair Charnacha) sa TMTT.

Cé gurb é iarrtar go sonrach faoin Treoir MTT go dtabharfaí cuntas ar an tionchar suntasach ba dhócha ag an N6 CBCG ar chúrsaí timpeallachta mar gheall ar thionchar carnach le tograí reatha agus/nó tograí ceadaithe eile, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe níos mó ná sin sa TMTT agus rinneadh aon fhorbraíocht beartaithe a bhainfeadh le hábhar (ainneoin nach raibh an togra ceadaithe ag an am) agus ar dhócha go dtarlódh tionchar suntasach carnach dá mbarr a bhreithniú agus a mheas chomh maith.

Mar a luaitear ar leathanach 1671 in Alt 19.5.1, rinneadh athbhreithniú ar na tograí ceadaithe agus ar na comhaid pleanála maidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe sular foilsíodh an TMTT (Deireadh Fómhair 2018). Tograí iad seo a bhí ar bun, ceadaithe nó á mbeartú ag an am agus rinneadh iad a mheas agus a bhreithniú maidir leis an seans gur dhócha tionchar suntasach, díreach nó indíreach, agus carnach dá mbarr ar an timpeallacht.

Déantar tionchar suntasach carnach ba dhócha a theacht mar gheall ar an mbóthar beartaithe (N6 CBCG) a fhorbairt i gcumasc le tograí agus pleananna eile a shonraítear in Alt 19.5.1 (leathanach 1671) agus in Tábla 19.3 (leathanach 1690) sa TMTT maidir le gach toisc timpeallachta faoi seach a thabhairt chun suntais, a bhreithniú agus a mheas i gcaibidlí faoi leith sa TMTT. Anuas air sin, leagtar amach in Alt 19.5 i gCaibidil 19 gach measúnacht aonair in éineacht agus déantar a mheas agus a bhreithniú an dócha go mbeadh tionchar suntasach ar chúrsaí timpeallacht ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i gcumas leis na tograí agus na pleananna eile sin i ndáil le gach ceann faoi leith acu i gcumas leis an mbóthar beartaithe agus go carnach i gcumasc leis na pleananna agus na tograí uile den sórt sin a luaitear i gCaibidil 19 sa TMTT. Tagtar ar an gcomhairle de thoradh ar an measúnacht nach dócha go mbeadh tionchar suntasach carnach seachas a dtugtar chun suntais cheana féin leis an measúnacht i ndáil le tograí faoi leith.

Sa Tuarascáil Nuashonraithe Bhreise a cuireadh faoi bhráid na hÉisteachta ó Bhéal an 10 Márta 2020 agus a uaslódáladh chuig an láithreán gréasáin seo a leanas:- http://www.n6galwaycityringroad.ie/, rinneadh measúnú agus breithniú ar aon tionchar carnach, díreach nó indíreach, a bheadh ag aon togra a ceadaíodh ó foilsíodh an EIAR in éineacht le haon iarratais pleanála ar feitheamh a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith i gceist leo, suas go dtí an 10 Márta 2020.

Ó tharla gur cuireadh an Éisteacht ó Bhéal ar atráth mar gheall ar Covid-19 measadh gur cheart an Tuarascáil Bhreise Nuashonraithe sin a nuashonrú san idirthréimhse.

Tá athrú ón 10 Márta 2020 ar stádas roinnt de na tionscadail reatha a ndearnadh measúnacht orthu ar dtús:

- Dhá thionscadal: Diúltaíodh cead do 305982-19 (Gort na Bró) agus 306413-19 (Cnoc an Rois).
- Tionscadal amháin: Tá fógra tugtha go bhfuil cinneadh déanta cead pleanála a dheonú i leith 19/372 (páirceanna nua imeartha NUIG).
- Dhá thionscadal: Tá cead pleanála tugtha i leith 306222-19 (Bóthar an Bhaile Bháin Mhóir) agus 306403-19/306403-20 (Bóthar Chúil Each).

Déantar an trí thionscadal, a bhfuil fógra faighte acu go bhfuil cinneadh déanta cead pleanála a dheonú dóibh nó a bhfuil cead pleanála faighte acu, a athbhreithniú tuilleadh sa tuarascáil seo lena dheimhniú an raibh aon athruithe i gceist ó rinneadh iad a mheas/a bhreithniú go deireadh.

Ní gá na tionscadail sin a diúltaíodh a bhreithniú feasta mar chuid den phróiseas measúnachta cumaisc.

Tá athbhreithniú nuashonraithe tugtha chun críche ón 10 Márta 2020 ar na hiarratais reatha atá sna comhaid pleanála ag:

i. Comhairle Cathrach na Gaillimhe
ii. Comhairle Chontae na Gaillimhe
iii. Comhairlí Contae i gcontaetha in aice láimhe
iv. An Bord Pleanála
v. Tairseach EIA na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Ag eascairt as an athbhreithniú sin, tá 3 thionscadal nua reatha aitheanta a bhféadfadh tionchar suntasach carnach a bheith ag baint leo.

Tagraíodh san Éisteacht ó Bhéal do Chairéal Chlaí an Dá Mhíle [1]agus ar mhaithe lena chinntiú nach ndéantar aon ní a fhágáil ar lár rinneadh sin a mheas agus a bhreithniú go carnach leis an N6 CBCG i **dTábla 3 sa Tuarascáil Nuashonraithe Bhreise seo** agus freisin i **dTábla 4** go carnach leis an N6

[1] Cairéal Chlaí an Dá Mhíle, Tuaim, Co. na Gaillimhe - Forbairt bhreise ar an gcairéal agus gach obair choimhdeach ar láithreáin i mBailte Fearainn an Phoill Chaoin agus Ballygaurran. ABP Tag QD0021. Deonaithe ag an ABP an 25/07/2017. http://www.pleanala.ie/casenum/QD0021.htm

CBCG i gcumasc leis na pleananna agus tograí ar fad a bhreithnítear mar chuid d'alt 19.5 den EIAR agus i **dTábla 1** den Tuarascáil Bhreise Nuashonraithe seo.

## 1.2 Tograí eile a tugadh san áireamh ó foilsíodh an TMTT

Tá tograí áirithe a ceadaíodh ón tráth ar foilsíodh an TMTT (Deireadh Fómhair 2018). Tá iarratais eile a bhfuiltear ag fanacht lena gceadú nó i mbun oibre ina leith tráth a bhfuil an tuarascáil bhreise seo á hullmhú (dáta: 15 Deireadh Fómhair 2020). Ag teacht leis an gcur chuige arna chleachtadh maidir leis an TMTT, déantar sa tuarascáil breise seo an tionchar a bheadh go díreach, go hindíreach nó go carnach ag ceann ar bith de na tograí a ceadaíodh ó foilsíodh an TMTT a mheas agus a bhreithniú chomh maith le haon iarratas ar chead pleanála nach bhfuil cinneadh ina leith go fóill agus a bhféadfadh tionchar suntasach a theacht dá bharr.

Rinneadh athbhreithniú ar na hiarratais reatha agus na hiarratais ceadaithe ar na comhaid pleanála ag:

i. Comhairle Cathrach na Gaillimhe
ii. Comhairle Chontae na Gaillimhe
iii. Comhairlí Contae na gcontaetha in aice láimhe
iv. An Bord Pleanála
v. An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil - an Tairseach TMTT

Leis an athbhreithniú sin, sonraíodh tograí reatha agus/nó ceadaithe (faoi mar a liostaítear in **Tábla 1** thíos) a bhfuil seans gur dhócha tionchar carnach suntasach dá mbarr. Léirítear i Líníocht GCRR-SK-OH-042 (arna uasdátaú)suíomh na dtograí reatha agus ceadaithe a liostaítear in **Tábla 1**. Leis an mbeart measúnachta san imleabhar breise seo, déantar an cheist maidir leis an seans go mbeadh tionchar suntasach carnach ag ceann ar bith de na tograí reatha agus/nó ceadaithe seo i gcumasc leis an N6 CBCG a mheas agus a bhreithniú, más i gcás aon cheann amháin de na tograí sin nó i gcumasc leis an N6 CBCG agus na tograí agus na pleananna uile a thugtar san áireamh in Alt 19.5 sa TMTT.

Tá cuid mhór tograí (reatha/ceadaithe) i gcathair na Gaillimhe, i gcontae na Gaillimhe agus i gcontaetha cóngaracha eile. Mar sin féin, is iad na tograí a liostaítear in **Tábla 1** thíos amháin a meastar go mbeadh seans go bhféadfadh tionchar suntasach carnach a theacht dá mbarr (i gcumasc le togra an N6 CBCG as féin nó i gcumasc le togra an N6 CBCG agus na tograí agus na pleananna uile a thugtar san áireamh in Alt 19.5 sa TMTT) agus ní mheastar go bhfuil seans go dtarraingeofaí tionchar carnach de bharr thograí eile nach iad mar gheall ar an bhfad ó láthair atá an bóthar beartaithe le forbairt nó mar gheall ar ionad nó dearadh nó cineál na dtograí.

Mar shampla tá dhá thogra ~~a ceadaíodh le déanaí/reatha~~ maidir le forbairt straitéiseach tithíochta (FST) ceadaithe/reatha i gContae na Gaillimhe (304203[2]

[2] ABP tag 304203: Forbraíocht FST (212 aonad cónaithe), ceadaíodh sa bhliain 2019, suíomh: an Muine Dubh, Órán Mór, Co. na Gaillimhe

agus 300560[3]), dhá thogra maidir le tuirbíní gaoithe (303086[4] agus 191481[5]), agus feirm gréine (191315[6]) ~~agus monarcha bithgháis (191812[7])~~ (diúltaithe)[8]i gContae na Gaillimhe ach i bhfianaise shuíomh agus chineál na dtograí, níl seans go dtarlódh tionchar suntasach mar gheall ar cheann ar bith acu (i gcumasc leis an N6 CBCG ann féin ná i gcumasc leis an N6 CBCG agus na tograí agus na pleananna uilig in éineacht a thugtar san áireamh in Alt 19.5 sa TMTT). Dá réir sin, ní dhearnadh breithniú ná measúnú ina leith i ndáil leis an tuarascáil breise seo.

Tá iarratais eile ar diúltaíodh cead pleanála ina leith nó a tarraingíodh siar nó a cuireadh as an áireamh agus ní dhearnadh breithniú ná measúnú ina leith i ndáil leis an tuarascáil breise seo.

Tugtar chun aire go bhfuil trácht go poiblí ar thograí eile (mar shampla togra mór maidir le forbairt straitéiseach tithíochta (FST) ar Bhóthar an Ghainimh, Gaillimh) nach ndearnadh iarratas ar chead pleanála ina leith leis an údarás pleanála go fóill. Ní dhearnadh breithniú ná measúnú ina leith i ndáil leis an tuarascáil breise seo.

Rinne na saineolaithe ar fad athbhreithniú ar an ábhar eolais atá ar fáil maidir leis na tograí ceadaithe agus leis na hiarratais reatha a luaitear in **Tábla 1** thíos ar mhaithe lena gcuid measúnachta a dhéanamh.

Is é an modh oibre a cleachtadh chun an tionchar carnach suntasach is dócha a thiocfadh chun cinn an modh sin a leagtar amach in Alt 19.3 (leathanaigh 1638-1639) sa TMTT.

Leagtar amach in **Tábla 2** sa tuairisc bhreise seo torthaí na measúnachta maidir le tionchar suntasach carnach, díreach nó indíreach a d'fhéadfadh a theacht i gceist (faoi gach ceann de na tosca timpeallachta faoi seach) i gcás gach ceann de na tograí a liostaítear in **Tábla 1** i gcumasc leis an N6 CBCG. Leagtar amach in**Tábla ~~3~~4** torthaí na measúnachta maidir le tionchar suntasach carnach, díreach nó indíreach a d'fhéadfadh a theacht i gceist i ndáil le gach ceann de na tograí a liostaítear in **Tábla 1** i gcumasc leis an N6 CBCG agus leis na tograí agus na pleananna sin ar fad a thugtar san áireamh in Alt 19.5 sa TMTT agus an togra a liostaítear **i dTábla 3**.

Is é an breithiúnas a dtagtar air mar gheall ar an obair measúnachta a chuirtear i láthair sa tuarascáil bhreise seo nach dócha aon tionchar carnach suntasach mar

---

[3] ABP tag 300560: Forbraíocht FST (128 teach cónaithe), ceadaíodh sa bhliain 2018, suíomh: an Leathchlár Srathra, Bóthar Bhéal Átha Ghadaí, Tuaim. Co. Gaillimhe

[4] ABP tag 303086: Suas le 25 tuirbín gaoithe, crann agus fostáisiún 110kv a thógáil, ceadaíodh sa bhliain 2019, suíomh: Na hArd-Doiriú, Leitir, Fionnán, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.

[5] GCoC 191481: SSE Renewables Ltd & Coillte – Iarratas reatha. Athrú maidir le toisí ag ionaid naoi gcinn de thuirbíní ar tugadh cead ina leith roimhe seo, suíomh: Doire Fhada, Suí Con, Seanadh Phéistín, Ogúil, Leitir, Fionnán, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe. ~~Tuilleadh eolais iarrthas Samhain 2019~~Ceadaithe ach ar achomharc chuig ABP (307117). Cinneadh le tabhairt faoin gcás faoin 28/09/2020.

[6] GCoC Tag 191315: Feirm Gréine, suite i gCluain Eascrach, Tuaim, Co na Gaillimhe. Ceadaithe ~~ach ar~~ agus achomharcdéanta chuig ABP (306685) agus ceadaithe ina dhiaidh sin an 04/08/2020. ~~Cinneadh le tabhairt faoin 23/06/2020.~~

~~[7] GCoC Tag 191812: Monarcha Bithgháis. Diúltaíodh ach achomharc le ABP (306709). Cinneadh le tabhairt faoin 24/06/2020~~

gheall ar na tograí a liostaítear in Tábla s 1 agus **3** ~~thuas~~ thíos 1 a ndearnadh an mheasúnacht ina leith ach amháin i ndáil le cúrsaí aeráide faoi mar a mhínítear sna Táblaí eile thíos.

Níl gá le haon bheart maolúcháin breise mar gheall ar an obair mheastóireachta seo.[9]

**Tábla 1: Tograí reatha agus tograí ceadaithe ón tráth ar foilsíodh an TMTT**

| ABP tag. | CCG tag. | Sonraí | Reatha/Ceadaithe<br>Dáta Cinnidh |
|---|---|---|---|
| - | 19/372 | **OÉG Páirceanna Nua Imeartha**<br>Cead pleanála maidir le páirc imeartha amháin 3G agus páirc imeartha amháin féir maidir leis na cluichí Gaelacha/sacar maille le hinfreastruchtúr coimhdeach, sconsaí chun liathróidí a stopadh, tuilsoilse, draenáil, réimse forfheabhsaithe bithéagsúlachta agus na hoibreacha suímh ar fad a ghabhann leis an bhforbairt. | ~~REATHA.~~<br>~~IARRATAS TF~~<br>FÓGRA MAIDIR LE CINNEADH CEAD PLEANÁLA A DHEONÚ<br>Meán Fómhair, 2020 |
| ~~305982-19~~ | ~~FST 18/7~~ | ~~332 árasán, naíonra agus na hoibreacha suímh a ghabhann leo. Gort na Bró, Rathún, Co. na Gaillimhe.~~ ~~www.knocknacarradistrictcentre.ie~~ | ~~REATHA.~~<br>~~30/03/2020~~<br>DIÚLTAITHE<br>Márta 2020 |
| 306222-19 | SHD 19/1 | Bóthar an Bhaile Bháin Mhóir 102 aonad cónaithe (24 teach, 78 árasán), saoráid cúraim leanaí & oibreacha suímh bainteacha. Bóthar an Bhaile Bháin Mhóir, Baile an Bhriotaigh, Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe.<br>www.ballybanemoreroadshd.ie | ~~REATHA~~<br>~~20/04/2020~~<br>CEADAITHE<br>21/04/20 |
| 306403-19<br>306403-20 | FST 18/9 | 255 spás leapa do mhic léinn. Bóthar Chúil Each, Tír Oileáin, Co. na Gaillimhe.<br>www.cooloughstudentresidences.ie | ~~REATHA~~<br>~~05/05/2020~~<br>DEONAITHE<br>16/06/2020 |
| ~~306413-19~~ | ~~SHD 19/2~~ | ~~342 aonad cónaithe (185 teach, 157 árasán). Tailte ag Bóthar Chnoc Rois, sna bailte fearainn Ros Cam, Páirc Mhuirlinne agus Muirbheach, Bóthar Chnoc Rois, Gaillimh, Co. na Gaillimhe~~<br>~~www.rosshillmanorshd.ie~~ | ~~REATHA~~<br>~~07/05/2020~~<br>DIÚLTAITHE<br>06/05/20 |
| - | 20/47 | Cnoc Aibhistín (Ar chúl Stáisiún Ceannt) Baineann an fhorbairt atá beartaithe le togra athbheochana i gceantar uirbeach le meascán úsáide de na cineálacha seo a leanas: cónaí, miondíolachán, caiféanna/bialanna, óstán, oifigí, pictiúrlann, áiseanna cúram leanaí, áiseanna pobail agus cultúir, páirceáil agus oibreacha suíomh a ghabhann leis an bhforbairt. Tá EIAR agus NIS leis an iarratas ar chead pleanála | REATHA<br>IARRATAS TF<br>15/06/2020 |

[9] Mar a pléadh i dTábla 3 thíos, tá gealltanas curtha san áireamh, áfach, i Sceideal na nGealltanas Timpeallachta maidir le plé i dtaobh clár pléasctha a bhaineann le Cairéal Chlaí an Dá Mhíle agus an N6 CBCG a sceidealú.

| ABP tag. | CCG tag. | Sonraí | Reatha/Ceadaithe Dáta Cinnidh |
|---|---|---|---|
| | | | |
| 20/46 | | Bóthar an Chlaí Bháin Mionchluana agus Crosbhóthar Mhionchluana<br>Tá cead pleanála á lorg don fhorbairt a bheidh comhdhéanta de leasuithe agus athruithe ar chead pleanála a deonaíodh roimh seo 14/248 (Tag An Bord Pleanála: PL 61.245292). (77 aonad cónaithe) | REATHA<br>IARRATAS TF<br>04/06/2020 |
| 20/83 | | Bóthar Stiofáin, Ráthún, Gaillimh<br>Struchtúir atá ann a leagan, bloc árasán 4 stór (18 aonad cónaithe) a thógáil<br>https://plan.galwaycity.ie/?file_number=2083 | REATHA<br>IARRATAS TF<br>14/07/2020 |
| 20/101 | | 2,3,4 Cnoc na Cathrach (R336) Bóthar na Trá (17 árasán) Cead á lorg don togra a bheidh comhdhéanta de Stáisiún Seirbhíse Peitril, Siopa agus tancanna bainteacha a leagan chomh maith le tithe cónaithe atá faoi bhun an chaighdeáin a bhfuil aghaidh an láithreáin ar Bhruach na Mara agus togra nua ilúsáide a thógáil lena n-áirítear 17 aonad cónaithe. | REATHA<br>IARRATAS TF<br>16/07/2020 |
| 304345-19 | FST 18/5 | Bóthar Leitrí, Leitreach, Ráthún. 101 aonad cónaithe (46 teach, 55 árasán), áis cúram leanaí & oibreacha suímh ar thailte soir as Baile an Mhóinín. | CEADAITHE<br>02/08/2019 |
| 304762-19 | FST 18/4 | Bóthar Bhaile an Mhóinín Thoir i mbaile fearainn Bhaile na mBúrcach. Teach agus sciobóil a ghabhann leis a leagan agus 238 aonad cónaithe (113 teach, 125 árasán) a thógáil maille le saoráid cúraim leanaí & oibreacha suímh bainteacha ar thailte, Gaillimh. | CEADAITHE<br>14/10/2019 |
| 304928-19 | FST 18/6 | Crown Square, Bóthar Mhuine Mheá. & Bóthar an tSeoigigh, An Baile Bán. 288 aonad cónaithe. | CEADAITHE<br>30/10/2019 |
| 301693-18 | FST 18/1 | An Daingean, An Caisleán Nua Uachtarach. Cóiríocht do Mhic Léinn. 394 leaba (53 árasán) | CEADAITHE<br>04/01/2019 |
| 303846-19 | FST 18/3 | OÉG, An Campas ó Thuaidh, An Daingean, 471 leaba do mhic léinn | CEADAITHE<br>11/06/2019 |
| | 19/107 | Scéim Soláthar Uisce Iarthar na Gaillimhe – Oibreacha Iontógála MCU Thír Oileáin agus Príomhphíobán Aníos Chnoc an Chlocháin (Uisce Éireann). Cead pleanála maidir le forbraíocht lena mbaineann oibreacha nua iontógála amhábhar uisce suite ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe, 100m anuas le sruth ó Dhroichead na gCúig Chéad; píobáin ag gabháil leis sin chun uisce a aistriú ó na hoibreacha iontógála nua go dtí na hoibreacha iontógála reatha óna seoltar soláthar chuig Monarcha Cóireála Uisce (MCU) Thír Oileáin; agus príomhphíobán nua aníos don uisce cóireáilte | CEADAITHE<br>24/01/2020 |

| ABP tag. | CCG tag. | Sonraí | Reatha/Ceadaithe Dáta Cinnidh |
|---|---|---|---|
| | | idir MCU Thír Oileáin agus an príomhphíobán reatha aníos ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe. NIS san áireamh. | |

## 1.3 Cúrsaí Tráchta

Braitheann measúnacht maidir le caighdeán an aeir, cúrsaí aeráide agus cúrsaí torainn ar shonraí tráchta. Dá réir sin, is cóir tagairt a dhéanamh don fhaisnéis maidir le measúnacht tráchta. Tar éis an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) agus spriocanna daonra agus fostaíochta a ghabhann leis sin i ndáil na Gaillimh a fhoilsiú, rinne SYSTRA athbhreithniú ar an mbeartaíocht samhaltóireachta maidir leis an N6 CBCG, agus leas á bhaint as na réamh-mheastacháin thuartha a foilsíodh gairid roimhe sin i ndáil leis an CNP. Baineadh úsáid ansin as torthaí na samhaltóireachta sin chun an tionchar ba dhócha a bheith ag an scéim ar chúrsaí iompair agus taistil a dheimhniú i gcomhthéacs bhonn tuisceana leasaithe maidir le gnéithe déimeagrafaíochta agus leagtar sin amach in Alt 8 sa Fhreagra ar an Iarratas maidir le Tuilleadh Faisnéise agus tugadh sin san áireamh leis an measúnacht maidir le caighdeán an aeir, cúrsaí aeráide agus cúrsaí torainn mar a luaitear sa Fhreagra ar an Iarratas maidir le Tuilleadh Faisnéise.

# 2 Measúnacht maidir le Tionchar Carnach Foriomlán

**Tábla 2: Measúnacht maidir le tionchar suntasach carnach, díreach nó indíreach, ba dhócha a bheith ag tograí reatha nó tograí ceadaithe a liostaítear in Tábla 1 i gcumasc le N6 CBCG**

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| **OÉG Páirceanna Nua Imeartha (19/372)**<br><br>**FÓGRA MAIDIR LE CINNEADH CEAD PLEANÁLA A DHEONÚ** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Beidh tionchar carnach chun sochair ag togra ~~beartaithe~~ OÉG ar dhaoine agus maolófar an tionchar chun dochair a bheidh ag an mbóthar beartaithe a fhorbairt ar phéire de na páirceanna imeartha atá ann faoi láthair i rith chéim na tógála. Cruthaítear tionchar carnach chun sochair le forbairt an bhóthair bheartaithe féin trí fhreastal do bhealach chuig na páirceanna beartaithe ag lucht a n-úsáide agus ag cuairteoirí ar Bhóthar Ceangail an N59 ó Thuaidh. Ní tharlaíonn aon bhriseadh maidir le bealach faoin tarbhealach. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra ~~beartaithe~~pháirceanna imeartha OÉG (19/372). | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide. |
| | **An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | |
| | **Sláinte an Duine:** Is é a bhaineann le togra ~~beartaithe~~ OÉG (19/372) páirceanna nua imeartha a chur ar fáil agus mar a luaitear thuas (gnéithe socheacnamaíochta) rachaidh sin chun tairbhe do dhaoine. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra ~~beartaithe~~pháirceanna imeartha OÉG (19/372). | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Nuair is páirceanna imeartha atá i gceist le togra OÉG, meastar nach dócha go dtarlóidh, maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra ~~beartaithe~~ pháirceanna imeartha OÉG (19/372). | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra ~~beartaithe~~pháirceanna imeartha OÉG (19/372) mar ní talamh talmhaíochta an réimse talún seo (19/375). | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Is é atá i gceist le togra ~~beartaithe~~OÉG (19/372) páirceanna nua imeartha a chur ar fáil. Ní cheaptar go gcruthófar dusta ar leibhéal chomh hard i rith chéim na tógála de thogra ~~beartaithe~~ OÉG agus go | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | dtabharfaí chun cinn tionchar suntasach carnach chun dochair. Sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach. Ní thiocfaidh aon tionchar ar chaighdeán an aeir mar gheall ar na páirceanna imeartha nua i rith chéim na húsáide. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach i gceist leis an N6CBCG agus an togra seo.<br>Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaitheseo ar chúrsaí aeráide. | |
| | **Torann agus Creathadh:** Páirceanna nua imeartha a chur ar fáil atá i gceist le togra beartaithe OÉG (19/372) – ní dócha go dtarlóidh tionchar suntasach maidir le torann i rith chéim na tógála ná na húsáide. Is ón obair thógála maidir leis an N6 CBCG is mó a eascróidh an torann agus an creathadh a bhraitear sa cheantar seo an tráth a mbíonn an tógáil ar bun. Ar an gcaoi chéanna, is é an leibhéal torainn ó úsáid an N6 CBCG a bheidh ar an bpríomhfhoinse torainn sa cheantar ó thagann tráth na húsáide. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann agus creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe phháirceanna imeartha OÉG (19/372). | |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá togra beartaithe OÉG (19/372) suite ó dheas den áit ina bhfuil na páirceanna sacair faoi láthair agus díreach ó thuaidh den N6 CBCG beartaithe. Tá sé suite freisin taobh istigh de theorainneacha Champas Spóirt OÉG mar atá faoi láthair, cóngarach do na páirceanna imeartha atá ar fáil cheana féin agus i réimse talún atá faoi chriosrangú 'RA' (Fóillíocht agus Taitneamhacht). Tugtar san áireamh le togra OÉG soláthar a dhéanamh d'fhorfheabhsú ar ghnéithe bithéagsúlachta an taobh ó thuaidh (taobh na habhann) de na páirceanna imeartha atá ar fáil cheana féin. Cé go ndearnadh an fhorbairt a thabharfar ar na páirceanna imeartha a leagan amach ar bhealach lena dtugtar san áireamh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe, beidh isgá réimse beag de phlandáil breise ó thuaidh den bhóthar atá beartaithe a fhorbairt a thabhairt chun bealaigh. Déantar soláthar leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe freisin d'fhásra a ghlanadh den réimse talún seo ach, ina ainneoin sin, níl fásra breise a ghlanadh maidir leis na páirceanna imeartha a fhorbairt suntasach mar gheall ar an méid fásra a chaomhnaítear sa cheantar máguaird agus an phlandáil nua sa réimse bithéagsúlachta beartaithe. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt in éineacht le togra beartaithe spóirt OÉG mar atá curtha chun cinn. | |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | ndáil le togra beartaithe seo OÉG agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall chineál agus ar scála togra OÉG, mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh sa cheantar seo ón N6 CBCG beartaithe agus mar gheall nach dtiocfaidh aon tionchar (indíreach) radhairc chun tosaigh a bhaineann le hacmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Is dócha go mbeidh gá le le móin a bhaint/thabhairt chun bealaigh, chomh maith le ithir a chailliúint agus dlús an-ard ábhar cumascáin ionchais ar láthair thogra beartaithe OÉG (19/372). Ina ainneoin sin, meastar gur beag i gcónaí an chailliúint olliomlán atá i gceist ar an scála áitiúil. Ní dócha go dtarlóidh tionchar suntasach chun dochair ar na bearta maolúcháin cuí maidir le togra OÉG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach agus geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe pháirceanna imeartha OÉG (19/372). | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá togra beartaithe OÉG suite ar réimse screamhuisce Loch an Rois, réimse a dtiocfaidh an bóthar atá beartaithe a fhorbairt bóthar trasna ann. Beidh córas nua draenála le cur isteach le páirceanna imeartha OÉG agus d'fhéadfadh sin athrú a chur ar chúrsaí athlíonta go háitiúil. Dá ainneoin sin, ní tharlóidh aon cheangal idir athruithe a thugtar chun suntais maidir le togra pháirceanna imeartha beartaithe OÉG agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithepháirceanna imeartha OÉG (19/372). | |
| | **Hidreolaíocht:** Tá tograbeartaithe OÉG suite in aice le hAbhainn na Gaillimhe agus tarlóidh taoscadh isteach i LSC Abhainn na Gaillimhe ó thuaidh den N6 CBCG. Beidh gá le bainistíocht chúramach ar uisce ag rith le sruth ón suíomh an fhad a bhíonn an obair thógála maidir le togra OÉG ar bun ionas go gcosnaítear LSC na Coiribe ó éilliú ar bith a d'fhéadfadh tarlú. Tá na páirceanna imeartha ar leith ón gcrios tuilte agus iad suite ar thailte i gCrios C lena mbaineann leibhéal íseal baoil ó thaobh tuilte. I rith ré na húsáide, d'fhéadfadh gá le hábhar leasúcháin a scaradh ar pháirc imeartha na gcluichí Gaelacha agus bheadh gá le bainistíocht ina leith sin. Ina dhiaidh sin, i bhfianaise an dearadh beartaithe maidir le cúrsaí draenála a ghabhann leis an N6 CBCG agus an Plean beartaithe maidir le Creimeadh Dríodair agus Smachtú Éilliúcháin (mar chuid den CEMP), ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithepháirceanna imeartha OÉG (19/372). | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** ~~Ba cheart a thabhairt chun aire go bhfuil an t-iarratas seo beo i gcónaí agus go bhfuil iarratas ar thuilleadh faisnéise eisithe ina leith. Tá an mheasúnacht, dá réir sin, bunaithe ar an eolas atá ar fáil faoi láthair.~~ De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar aghaidh don togra seo (lena n-áirítear Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta chomh maith le faisnéis arna tíolacadh mar fhreagra ar iarratas ar fhaisnéis bhreise, Ráiteas nuashonraithe Tionchair Natura, Plean Bainistíochta agus Feabhsaithe Bithéagsúlachta agus Tuarascáil Measúnachta Coillearnaí go háirithe), má bhreithnítear na bearta maolúcháin a mholtar ann, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht,le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speiceas.<br><br>Tugadh chun suntais mar chuid den tsuirbhéireacht maidir leis an N6 CBCG a rinneadh i rith na bliana 2014 go raibh réimsí de ghnáthóg de chineál príomhthábhachta faoi Iarscríbhinn I, Foraois ghlárach iarmharach, ar fáil taobh istigh de shuíomh forbartha 19/372. Áirítear ar an bhfaisnéis a chuir OÉG ar aghaidh don fhorbairt seo suirbhéanna agus relevé ar tugadh fúthu i mí Bealtaine 2020. ~~Sa chás~~ Ar bhonn na faisnéise seo, ó tharla go meastar nach Foraois ghlárach iarmharach, gnáthóg de chineál a thagann faoi Iarscríbhinn I, an réimse gnáthóige a chaillfear le togra forbartha 19/372, ní ~~bheadh~~ bheidh aon chailliúint charnach maidir leis an ngnáthóg sin i gceist i gcumasc le togra an N6 CBCG. ~~Más é a mhalairt de chás é agus go meastar gur Foraois ghlárach iarmharach, gnáthóg de chineál a thagann faoi Iarscríbhinn I, an réimse gnáthóige a chaillfear le togra forbartha 19/372, bheadh cailliúint charnach i gceist maidir leis an gcineál gnáthóige sin i gcumasc le 0.14ha den chineál sin atá le cailliúint le togra an N6 CBCG.~~<br><br>Bíodh Foraois ghlárach iarmharach ar na cineálacha gnáthóige ar shuíomh thogra forbartha 19/372 nó ná bíodh, ní dócha aon tionchar suntasach iarmharach ag togra N6 CBCG amháin ar an gcineál seo gnáthóige ó tá beartaithe achar 0.18ha den ghnáthóg a chruthú mar chuid den straitéis maolúcháin le togra N6 CBCG d'fhonn cailliúint 0.14ha maidir leis bhforbairt bheartaithe a thabhairt isteach sa chaoi is nach dtarlaíonn glanchailliúint bhuan gnáthóige. Dá réir sin, ní chuirfidh togra N6 CBCG le haon tionchar carnach ionchais iarmharach a thiocfadh ó Fhoraois ghlárach iarmharach a chailliúint go buan mar gheall ar aon togra eile, togra forbartha 19/372 san áireamh.<br><br>De réir an na faisnéise atá curtha ar aghaidh ag OÉG ní thiocfaidh de thoradh ar an togra seo ~~19/372~~ go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d'aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Chomh maith leis sin, ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, ní bheidh tionchar carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar líon na n-ialtóg ná na bhfabhcún gorm go háitiúil. | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 19/372 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa TMTT. | |
| ~~**FST Ionad Ceantair Chnoc na Cathrach, Gort na Bró, Rathún (305982-19) (FST 18/7)**~~<br><br>**DIÚLTAITHE** | ~~**Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Cruthaítear tionchar carnach chun sochair maidir le cúrsaí socheacnamaíochta mar gheall ar an N6 CBCG agus togra FST beartaithe Chnoc na Cathrach (305982-19) in éineacht trí lána rothaíochta a chur ar fáil ó Bhóthar Dáileacháin an Iarthair le Bóthar Ghort na Bró i dtreo na Gaelscoile chomh maith le deiseanna do lucht coisíochta dul trasna Bhóthar Ghort na Bró ón mbealach isteach chuig an togra FST beartaithe (305982-19). Chomh maith leis sin, cruthaítear tionchar carnach chun sochair mar gheall ar an N6 CBCG agus togra FST beartaithe Chnoc na Cathrach (305982-19) in éineacht ó tharla go bhfuil beartaithe le togra an N6 CBCG anois lánaí agus cosáin do lucht rothaíochta agus coisíochta a bheith ar gach aon taobh de bhóthar Ghort na Bró chomh maith le háiseanna trasnaithe ag Acomhal Rathún le Bóthar Ceangail an N59 ó Dheas. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra FST beartaithe Chnoc na Cathrach (305982-19).~~ | ~~Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide.~~ |
| | ~~**An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail.~~ | |
| | ~~**Sláinte an Duine:** Tá togra beartaithe FST Chnoc na Cathrach (305982-19) suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra FST Chnoc na Cathrach (305982-19).~~ | |
| | ~~**Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** I bhfianaise togra beartaithe FST Chnoc na Cathrach (305982-19) a bheith suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, meastar nach dócha go dtarlóidh, maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG in éineacht i ndáil leis an togra beartaithe FST seo.~~ | |
| | ~~**Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe FST Chnoc na Cathrach mar ní talamh talmhaíochta an réimse talún seo (suite ar shuíomh 2.96 heicteár).~~ | |
| | ~~**Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad thogra beartaithe FST Chnoc na Cathrach (305982-19) ón~~ | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | ~~mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní tharlóidh aon tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála. Sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir. Dá réir sin, ar an N6CBCG agus an togra seo a mheas in éineacht, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach.~~<br>~~Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe FST. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[10], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht. Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo a thógáil ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide i rith chéim na tógála agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide.~~<br><br>~~**Torann agus Creathadh:** Tá togra FST beartaithe Chnoc na Cathrach suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus nach dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach maidir le torann mar gheall ar chéim na tógála i ndáil leis an togra FST seo ná ar chéim na húsáide. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann agus creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe FST Chnoc na Cathrach (19/372).~~<br><br>~~**Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá togra beartaithe FST Chnoc na Cathrach suite ar thailte faoi chriosrangú 'CI' (Fiontraíocht, Tionsclaíocht Éadrom & Tráchtáil). Tá comhthéacs uirbeach/bruachbhailteach ag baint leis an suíomh atá cóngarach do Bhóthar Ceangail Ghort na Bró (cónasc uirbeach/bruachbhailteach ó Bhóthar Ceangail an N59 ó Dheas), gné den fhorbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Eascróidh tionchar ar chúrsaí radhairc ó thogra FST Chnoc na Cathrach i rith chéim na tógála agus chéim na húsáide. Beidh an tionchar seo ar chúrsaí radhairc mar a bhaineann go hiondúil le forbraíocht uirbeach agus is i rith chéim na tógála is géire a bheidh tionchar ar an ionad seo atá seanbhunaithe, seanfhorbartha agus criosrangaithe mar is cuí. Ar an gcaoi chéanna, déanann an bóthar atá beartaithe a fhorbairt soláthar san ionad seo do chóras cónaisc bóthair uirbeach/bruachbhailteach. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt in éineacht le togra FST beartaithe Chnoc na Cathrach mar atá curtha chun cinn san ionad seo.~~ | |

[10] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) guidance note dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | ~~**Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil le togra beartaithe FST seo Chnoc na Cathrach agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall ar chineál agus scála na forbraíochta agus an N6 CBCG beartaithe san ionad seo, ar fhorbairt a bheith déanta ar an timpeallacht cheana féin, maolú iomlán a bheith á dhéanamh ar aon tionchar chun dochair ar na hacmhainní seandálaíochta, ailtireachta agus cultúir sa cheantar seo a eascraíonn ón N6 CBCG beartaithe agus ó tharla nach dtarlóidh aon tionchar (indíreach) ar chúrsaí radhairc a bhaineann le hacmhainní seandálaíochta, ailtireachta agus cultúir.~~ | |
| | ~~**An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Cé gur buncharraig thanaí atá i gceist le mórchuid an tsuímh thángthas ar an gcomhairle le measúnacht an TMTT ar thogra FST Chnoc na Cathrach go dtarlóidh beagán ithreach a chailliúint (bunaithe ar mhapáil ithreach de chuid Teagasc/GCC), dlús an-ard ábhar cumascáin ionchais a chailliúint. Ina ainneoin sin, meastar gur beag an chailliúint olliomlán atá i gceist ar an scála áitiúil. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach ná geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP.~~ | |
| | ~~**Hidrigeolaíocht:** Tá togra beartaithe FST Chnoc na Cathrach suite ar bhonnchloch eibhir agus le fána go mór ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST.~~ | |
| | ~~**Hidreolaíocht:** Tá togra beartaithe FST Chnoc na Cathrach le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme de réir mar a éilítear faoin bPlean Forbartha reatha sa chaoi is go gcoinnítear na rátaí rith tuile chun srutha tar éis na forbartha leis na rátaí ar an talamh neamhfhorbartha le maolú i ndáil le tromchás báistí 100 bliain agus athrú 20% ar an aeráid. Déanfar sceitheadh ón togra forbraíochta seo i Srutháin Chnoc na Cathrach a thaosctar i gCuan an Roisín taobh istigh de Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe. Tarlaíonn sceitheadh ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt sa sruthán seo ón bPríomhlíne agus ó Bhóthar Ceangail an N59. Déanfar an t-eisilteach bréan ó thogra beartaithe FST Chnoc na Cathrach a sceitheadh sa séarach bréan poiblí agus tabharfar cóireáil air ag monarcha cóireáil fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus maidir le caighdeán an uisce stoirme, ionas go gcosnaítear an ceantar ina dtaosctar. Tá an t-eisilteach bréan ón bhforbairt beartaithe measta agus ceadanna faighte ó Uisce Éireann. Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí~~ | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | ~~hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST seo~~ | |
| | **~~Cúrsaí Bithéagsúlachta:~~** ~~Faoi mar a leagtar amach sa chaibidil maidir le cúrsaí Bithéagsúlachta sa tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid i ndáil le togra FST 18/7, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht, le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speicis.~~<br>~~De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra FST 18/7 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d'aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, de thoradh ar thogra FST 18/7 (suíomh uirbeach ar gnáthóg ar thalamh carta agus ar thalamh lom is mó atá ann), ní bheidh tionchar carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar an ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm go háitiúil.~~<br>~~Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 18/7 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa TMTT.~~ | |
| **FST Bhóthar an Bhaile Bháin Mhóir**<br>**(306222-19)**<br>**(FST 19/1)**<br><br>CEADAITHE | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Cruthaítear tionchar carnach ríbheag chun sochair maidir le cúrsaí socheacnamaíochta leis an bhforbairt atá beartaithe tríd an mbealach chuig an togra FST beartaithe a dhéanamh níos furasta mar gheall ar lagú measta ar an mbrú tráchta i gceantar Chnoc Mhaoil Drise mar a dtagann bóthar an R339 le bóthar an N6 mar atá faoi láthair. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra FST ~~beartaithe~~ an Bhaile Bháin (306222-19). | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide |
| | **An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | |
| | **Sláinte an Duine:** Tá togra ~~beartaithe~~ FST an Bhaile Bháin suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dtagann aon tionchar carnach i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar chéim na tógála ná céim na húsáide i ndáil leis an bhforbraíocht FST seo. | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair i ndáil leis an togra ~~beartaithe~~ FST seo agus an N6 CBCG beartaithe. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra ~~beartaithe~~ FST an Bhaile Bháin mar gheall nach talamh talmhaíochta (suite ar shuíomh 2.09 heicteár) an réimse talún seo. | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad an togra beartaithe FST ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála. Sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus dá réir sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach idir an N6CBCG agus an togra seo.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht ~~bheartaithe~~ ar áitribh chónaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[11], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht. Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra ~~beartaithe~~ FST seo ar chúrsaí aeráide. | |
| | **Torann agus Creathadh:** Tá an togra ~~beartaithe~~ suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG agus an togra FST seo i gcumasc. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin NPF san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don RFI. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an ITF, tugtar san áireamh an t-ardú sa daonra á thuar sa CNP agus oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tioncha agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann ná creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |

[11] Nóta Treoracha ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá togra FST ~~beartaithe~~ an Bhaile Bháin suite i gcomhthéacs reatha uirbeach/bruachbhailteach Bhóthar Bhaile Bháin Mhóir atá deighilte go fisiciúil agus ó thaobh amhairc ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt ag an gcomhthéacs forbartha máguaird. Tá an togra beartaithe suite ar thailte faoi chriosrangú 'R' (Cónaí). Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an togra FST ~~beartaithe~~ san ionad seo. | |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil le togra ~~beartaithe~~ FST seo an Bhaile Bháin agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall chineál agus ar scála an togra FST, mar gheall ar fhad láthair an togra FST ó láthair na scéime, mar gheall ar chuma fhorbartha an cheantair cheana féin, mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh sa cheantar seo ón N6 CBCG beartaithe agus mar gheall nach dtiocfaidh aon tionchar (indíreach) radhairc chun tosaigh a bhaineann le hacmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Cé go bhfuil beagán ithreach le cailliúint agus dlús an-ard ábhar cumascáin ionchais ag baint le togra ~~beartaithe~~ FST an Bhaile Bháin, meastar gur beag an chailliúint olliomlán atá i gceist ar an scála áitiúil. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach ná geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra ~~beartaithe~~ FST ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP. | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá togra FST ~~beartaithe~~ an Bhaile Bháin suite ar bhonn aolchloiche agus taobh istigh de réimse screamhuisce Dhroichead an Chláirín. Tá sé suite le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh FST agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra ~~beartaithe~~FST. | |
| | **Hidreolaíocht:** Tá togra ~~beartaithe~~ FST an Bhaile Bháin le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme de réir mar a éilítear faoin bPlean Forbartha reatha sa chaoi is go gcoinnítear na rátaí rith tuile chun srutha tar éis na forbartha leis na rátaí ar an talamh neamhfhorbartha. Déanfar an t-uisce stoirme ó Thogra FST an Bhaile Bháin a sceitheadh sa Draein Stoirme Phoiblí i nDabhach Uisce. Beidh sceitheadh ón | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | mbóthar atá beartaithe a fhorbairt á dhéanamh sa séarach stoirme poiblí i nDabhach Uisce chomh maith. Déanfar an t-eisilteach bréan a bhailiú agus tabharfar cóireáil air ag Monarcha Cóireáil Fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus maidir le caighdeán an uisce, ionas go gcosnaítear an ceantar ina dtaosctar agus go mbíonn cead ó Uisce Éireann sceitheadh sa séarach stoirme poiblí. Tá an t-eisilteach bréan ón bhforbairt beartaithe measta agus ceadanna faighte ó Uisce Éireann. Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra ~~beartaithe~~ FST seo. | |
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Faoi mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid maidir le togra FST 19/1, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht, le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speicis.<br>De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra FST 19/1 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d'aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, de thoradh ar thogra FST 19/1, ní bheidh tionchar carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar an ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm go háitiúil.<br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 19/1 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa TMTT.<br>Trí chead a thabhairt don togra seo, chinn an Bord Pleanála nár dhócha aon tionchar suntasach ar an timpeallacht ag an togra mar gheall ar chineál agus ar scála an tsuímh agus ar an áit ina bhfuil sé agus chinn, dá bhrí sin, nach mbeadh gá le tuarascáil measúnachta tionchair timpeallacha don togra sa chás seo. | |
| **Árais Cónaithe Chúil Each, Bóthar Chúil Each, Tír Oileáin** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Tá togra FST ~~beartaithe~~ Chúil Each scoite go maith ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Tá Bóthar Chúil Each ceangailte le Bóthar na Díge agus ar aghaidh go Mionlach ach téann an bóthar atá beartaithe a fhorbairt trasna os a chionn ar tharbhealach agus ní chuirtear dá réir sin leis an trácht mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt idir an láthair seo agus campas OÉG (1km). Maidir le mic léinn a bheadh ag tarraingt ar ITGME (>3km), is leis an trácht ar bhóthar an N84 a chuirfí aon trácht breise agus, dá réir sin, leis an trácht ag acomhal an bhóthair sin le bóthar an | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide. |

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** | **Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó)** |
|---|---|---|
| **(306403-19, 306403-20)**<br>**(FST 18/9)**<br><br>**CEADAITHE** | N6 mar atá faoi láthair, cé go laghdófaí leis an trácht ar an dara bóthar acu sin. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra FST ~~beartaithe~~ Chúil Each. | |
| | **An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | |
| | **Sláinte an Duine:** Tá an fhorbairt seo~~beartaithe~~ suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dtagann aon tionchar carnach i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar chéim na tógála ná céim na húsáide i ndáil leis an bhforbraíocht FST seo. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair i ndáil leis an togra ~~beartaithe~~SHD seo agus an N6 CBCG beartaithe. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG in éineacht togra ~~beartaithe~~FST Chúil Each ó tharla nach talamh talmhaíochta atá sa réimse talún seo. | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad an togra beartaithe FST ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála. Sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus dá réir sin nach dócha aon tionchar carnach suntasach i gceist leis an N6CBCG agus an togra seo.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht ~~bheartaithe~~ ar áitribh chónaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[12], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht**.** Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra ~~beartaithe~~ FST seo ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra ~~beartaithe~~ FST seo ar chúrsaí aeráide i rith chéim na húsáide. | |

[12] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | **Torann agus Creathadh:** Tá togra FST ~~beartaithe~~ Chúil Each suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG agus an togra FST seo in éineacht. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin NPF san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don RFI. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an ITF, tugtar san áireamh an t-ardú sa daonra á thuar sa CNP agus oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tioncha agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann ná creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá togra ~~beartaithe~~ FST Chúil Each suite i gcomhthéacs fhorbraíocht bhruachbhailteach reatha Bhóthar Chúil Each agus deighilte go fisiciúil agus ó thaobh amhairc ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar gheall ar an bhfad ó láthair agus ar ghnéithe topagrafaíochta agus fásra. Tá an togra ~~beartaithe~~ SFST suite ar thailte faoi chriosrangú 'R' (Cónaí). Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an togra FST ~~beartaithe~~ san ionad seo. | |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil le togra ~~beartaithe~~FST seo Chúil Each agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall chineál agus ar scála an togra FST, mar gheall ar fhad láthair an togra FST ó láthair na scéime, mar gheall ar chuma fhorbartha an cheantair cheana féin agus mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh sa cheantar seo ón N6 CBCG beartaithe. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Cé go bhfuil beagán ithreach le cailliúint agus dlús an-ard ábhar cumascáin ionchais ag baint leis an togra FST seo, meastar gur beag an chailliúint olliomlán atá i gceist ar an scála áitiúil. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach ná geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra ~~beartaithe~~ FST ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP. | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá an togra ~~beartaithe~~ar Bhóthar Chúil Each suite ar bhonn aolchloiche agus taobh istigh de réimse screamhuisce Abhainn an Chláir-Abhainn na Gaillimhe (Tír Oileán). Tá sé suite le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Hidreolaíocht:** Tá an togra ~~beartaithe~~ ar Bhóthar Chúil Each FST le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme de réir mar a éilítear faoin bPlean Forbartha reatha sa chaoi is go gcoinnítear na rátaí rith tuile chun srutha tar éis na forbartha leis na rátaí ar an talamh neamhfhorbartha. Déanfar an t-uisce stoirme a sceitheadh sa Séarach Cumaisc Poiblí. Déanfar an t-eisilteach bréan a bhailiú agus tabharfar cóireáil air ag Monarcha Cóireáil Fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus maidir le caighdeán an uisce stoirme, ionas go gcosnaítear an ceantar ina dtaosctar. Tá an t-eisilteach bréan ón bhforbairt ~~bheartaithe~~ mheasta agus ceadanna faighte ó Uisce Éireann. Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra ~~beartaithe~~FST seo. | |
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Faoi mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid maidir le togra FST 18/9, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht, le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speicis.<br><br>De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra FST 18/9 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d'aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, de thoradh ar thogra FST 18/9, ní bheidh tionchar carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar an ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm go háitiúil.<br><br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 18/9 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa TMTT.<br><br>Trí chead a thabhairt don togra seo, chinn an Bord Pleanála nár dhócha aon tionchar suntasach ar an timpeallacht ag an togra mar gheall ar chineál agus ar scála an tsuímh agus ar an áit ina bhfuil sé agus chinn, dá bhrí sin, nach mbeadh gá le | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | tuarascáil measúnachta tionchair timpeallacha don togra sa chás seo. | |
| ~~**Mainéar Chnoc Rois, Bóthar Chnoc Rois**~~<br>~~**FST**~~<br>~~**(306413-19)**~~<br>~~**(FST 19/2)**~~<br><br>**DIÚLTAITHE** | ~~**Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Tá togra FST Mhainéar Chnoc Rois sa chathair agus níos mó ná 2km ón gceangal is gaire idir an bóthar atá beartaithe a fhorbairt agus bóthar an N67. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra FST beartaithe Mhainéar Chnoc Rois (306413-19).~~ | ~~Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide~~ |
| | ~~**An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail.~~ | |
| | ~~**Sláinte an Duine:** Tá an fhorbairt atá beartaithe suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dtagann aon tionchar carnach i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar chéim na tógála ná céim na húsáide i ndáil leis an bhforbraíocht FST seo.~~ | |
| | ~~**Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair i ndáil i ndáil leis an togra beartaithe FST seo agus an N6 CBCG beartaithe~~ | |
| | ~~**Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Níl an suíomh féaraigh 10 heicteár seo, atá suite ar Bhóthar Chnoc Rois, sa limistéar staidéir - tá sé tuairim is 1.75 km siar ó dheas ón N6 CBCG gan tionchar díreach ag an mbóthar sin air. Tá saothrú feirmeoireachta meániogaire á dhéanamh faoi láthair le capaill ar an bpaiste talún seo. Cé go mbeadh 10 heicteár de thalamh talmhaíochta a chailliúint ina thionchar suntasach chun dochair as féin, níl aon tionchar carnach i gceist in éineacht le paistí eile talún sa limistéar staidéir. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe FST Mhainéar Chnoc Rois taobh istigh den limistéar staidéir ná den réimse réigiúnach.~~ | |
| | ~~**Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad an togra beartaithe FST ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála. Sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus~~ | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | ~~dá réir sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach idir an N6CBCG agus an togra seo.~~<br>~~Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[13], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht. . Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 GCRR ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 GCRR agus ag an togra beartaithe SHD seo ar chúrsaí aeráide.~~ | |
| | ~~**Torann agus Creathadh:** Tá an togra FST beartaithe suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG agus an togra FST seo in éineacht. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin CNP san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don ITF. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an ITF, tugtar san áireamh an t-ardú sa daonra á thuar sa CNP agus oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann ná creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST.~~ | |
| | ~~**Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá togra beartaithe FST Mhainéar Chnoc Rois suite ó dheas den bhóthar iarainn agus ó dheas d'Ospidéal Ollscoile Pháirc Mheirlinne. Tá an togra beartaithe suite ar thailte faoi chriosrangú 'LDR' (Cónaí faoi Dhlús Íseal Cónaí). Tá an suíomh is deighilte go fisiciúil agus ó thaobh amhairc ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar gheall ar an bhfad suntasach idir an dá láthair agus forbraíocht idir eatarthu cheana féin. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an N6 CBCG atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an togra FST beartaithe san ionad seo.~~ | |
| | ~~**Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil le togra beartaithe FST seo Mhainéar Chnoc Rois agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall chineál agus ar scála an togra FST, mar gheall ar fhad láthair an togra FST ó láthair na scéime, mar gheall ar chuma fhorbartha an cheantair cheana féin agus mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na~~ | |

[13] Nóta treoracha ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | ~~seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh sa cheantar seo ón N6 CBCG beartaithe.~~ | |
| | ~~**An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Thángthas ar an gcomhairle leis an measúnacht ar an togra FST, ainneoin buncharraig thanaí, go dtarlóidh beagán ithreach a chailliúint (bunaithe ar mhapáil ithreach de chuid Teagasc/GCC), chomh maith le dlús an-ard ábhar cumascáin ionchais a chailliúint. Ina ainneoin sin, meastar gur beag an chailliúint olliomlán atá i gceist ar an scála áitiúil. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach ná geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP.~~ | |
| | ~~**Hidrigeolaíocht:** Tá an togra beartaithe FST ar Bhóthar Chnoc an Rois suite ar bhonn aolchloiche agus taobh istigh de réimse screamhuisce Dhroichead an Chláirín. Tá sé suite le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST.~~ | |
| | ~~**Hidreolaíocht:** Tá togra beartaithe FST Mhainéar Chnoc Rois i Ros Cam le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme de réir mar a éilítear faoin bPlean Forbartha reatha sa chaoi is go gcoinnítear na rátaí rith tuile chun srutha tar éis na forbartha leis na rátaí ar an talamh neamhfhorbartha. Déanfar an t-uisce stoirme a sceitheadh i gCuan na Gaillimhe. Déanfar an t-eisilteach bréan a bhailiú agus tabharfar cóireáil air ag Monarcha Cóireáil Fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus maidir le caighdeán an uisce stoirme, ionas go gcosnaítear an ceantar ina dtaosctar. Tá an t-eisilteach bréan ón bhforbairt beartaithe measta agus ceadanna faighte ó Uisce Éireann. Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST seo.~~ | |
| | ~~**Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Faoi mar a leagtar amach sa chaibidil maidir le cúrsaí Bithéagsúlachta sa tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid i ndáil le togra FST 19/2, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht, le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speicis.~~ | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | ~~De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra FST 19/2 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d'aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, de thoradh ar thogra FST 19/2 (suíomh uirbeach ar gnáthóg ar thalamh carta agus ar thalamh lom is mó atá ann), ní bheidh tionchar carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar an ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm go háitiúil.~~<br>~~Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 19/2 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa TMTT.~~ | |
| **Bóthar Leitrí, Rathún**<br>**FST**<br>**(304345-19)**<br>**(FST 18/5)** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Tá ceangal idir Bóthar Leitrí agus Bóthar Ceangail an N59 ó Dheas agus is dócha go mbeidh roinnt tráchta breise ar Bhóthar Leitrí ar an mbealach don chathair ach tá an togra FST féin neamhspleách air sin mar gheall ar dhá bhóthar ceangail le Bóthar Leitrí (beagán chun dochair). Os a choinne sin, cruthaítear ceangal níos furasta leis an togra FST beartaithe mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt (measartha chun sochair). Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra FST beartaithe Leitrí (304345-19) agus, tríd is tríd, tabharfar tionchar beag carnach chun sochair chun cinn maidir le cúrsaí socheacnamaíochta. | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide |
| | **An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | |
| | **Sláinte an Duine:** Sa chás go ndéantar an obair thógála go comhuaineach ar an dá thogra, is iad na bearta tógála a bhaineann le togra FST Leitrí is tréine a thiocfaidh i gceist ag na hionaid is gaire do theorainn an togra sin ag a mbraithfí torann nó cur isteach ar an aer. Ní bhaineann aon tionchar carnach maidir le sláinte an duine le céim na húsáide mar gheall ar a neamhshuntasaí atá foinsí torainn nó aeir i leith an togra FST seo. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair i ndáil i ndáil leis an togra beartaithe FST seo agus an N6 CBCG beartaithe | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Tá tionchar ag an bhforbairt tithíochta seo ar an bpaiste talún Uimh. Thag. 258/464 atá suite ar Bhóthar Leitrí. Tionchar éadrom chun dochair an tionchar atá ag forbairt beartaithe an N6 CBCG ar an bhfeirm | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | mairteola meáníogaire seo. Le 2.5 heicteár breise á chailliúint mar gheall ar an bhforbairt tithíochta, cuirtear leis an tionchar go mbíonn ina thionchar suntasach chun dochair ar an bpaiste talún seo ann féin. Ní thiocfaidh athrú ar an tionchar ar an limistéar staidéir scáth 2.5 heicteár breise a chailliúint agus níl tionchar suntasach i gceist ar leibhéal an réigiúin. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra FST beartaithe ar Bhóthar Leitrí chomh fada agus a bhaineann leis an limistéar staidéir ná leis an leibhéal réigiúnach. | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad an togra beartaithe FST ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála. Sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus dá réir sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach idir an N6CBCG agus an togra seo.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[14], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht. Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. | |
| | **Torann agus Creathadh:** Sa chás go ndéanfaí an obair thógála ar an dá thogra an t-aon tráth amháin, is í an obair thógála maidir le togra FST Leitrí is mó a bheadh le brath ag na hionaid braite torainn is gaire do theorainn an togra sin. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an bhforbairt bheartaithe FST i rith chéim na húsáide mar gheall nach díol suntais na foinsí torainn ón togra FST seo. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin CNP san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don ITF. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an ITF, tugtar san áireamh oiread measta na tráchta faoin CNP agus an t-ardú ar an daonra i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann ná creathadh mar | |

[14] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) guidance dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá togra ceadaithe FST Leitrí suite i gcomhthéacs fhorbraíocht bhruachbhailteach reatha Bhóthar Leitrí ar thailte faoi chriosrangú 'R' (Cónaí). Tá an suíomh deighilte go fisiciúil agus ó thaobh amhairc ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt ag gnéithe topagrafaíochta agus fásra idir an dá láthair. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an N6 CBCG atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an togra FST beartaithe san ionad seo. | |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil le togra beartaithe FST seo Bhóthar Leitrí agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall ar fhad láthair an togra FST ó láthair na scéime agus mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh ón N6 CBCG beartaithe. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Tarlóidh dlús an-ard ábhar cumascáin ionchais a chailliúint ar roinnt de shuíomh an togra FST, chomh maith le hithir a chailliúint. Ina ainneoin sin, meastar gur beag an chailliúint olliomlán atá i gceist ar an scála áitiúil. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach ná geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP. | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá an togra beartaithe ar Bhóthar Leitrí suite ar bhonnchloch eibhir agus le fána go mór ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Hidreolaíocht:** Tá togra beartaithe FST Bhóthar Leitrí le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme de réir mar a éilítear faoin bPlean Forbartha reatha le maolú i ndáil le tromchás báistí 100 bliain agus athrú 20% ar an aeráid. Déanfar sceitheadh ón togra forbraíochta seo i Sruthán Chnoc na Cathrach a thaosctar i gCuan an Roisín taobh istigh de Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe. Tarlaíonn sceitheadh ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt sa sruthán seo ón bPríomhlíne agus ó Bhóthar Ceangail an N59. Déanfar an t-eisilteach bréan ó thogra beartaithe FST Bhóthar Leitrí a sceitheadh sa séarach bréan poiblí agus tabharfar cóireáil air ag monarcha cóireáil fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Déanfar bainistíocht | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | maidir le rith chun srutha aimsir stoirme ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus maidir le caighdeán an uisce stoirme, ionas go gcosnaítear an ceantar ina dtaosctar. Tá an t-eisilteach bréan ón bhforbairt beartaithe measta agus ceadanna faighte ó Uisce Éireann. Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST seo. | |
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Faoi mar a leagtar amach sa chaibidil maidir le cúrsaí Bithéagsúlachta sa tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid i ndáil le togra FST 19/2, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht, le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speicis.<br>De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra FST 19/2 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d'aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, de thoradh ar thogra FST 19/2 (suíomh uirbeach ar gnáthóg ar thalamh carta agus ar thalamh lom is mó atá ann), ní bheidh tionchar carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar an ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm go háitiúil.<br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 19/2 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa TMTT. | |
| **FST Bhóthar Bhaile an Mhóinín Thoir**<br>**(304762-19)**<br>**(FST 18/4)** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Cruthaítear tionchar beag glan chun sochair maidir le cúrsaí socheacnamaíochta leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar trí fhreastal do cheangal le togra beartaithe FST Bhóthar Bhaile an Mhóinín Thoir trí Acomhal Bhaile an Mhóinín, cé go mbeidh ardú ar leibhéal na tráchta ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín ó dheas den acomhal i gcomparáid leis an leibhéal reatha. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra FST beartaithe Bhóthar Bhaile an Mhóinín Thoir (304762-19). | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide. |
| | **An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | **Sláinte an Duine:** Mar gheall ar a neamhshuntasaí atá foinsí torainn nó aeir i leith an togra seo, ní bhaineann aon tionchar carnach maidir le sláinte an duine, i rith chéim na húsáide, leis an togra FST seo agus leis an N6 CBCG le chéile. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair i ndáil leis an togra beartaithe FST seo agus an N6 CBCG beartaithe | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Leibhéal íogaire an-íseal a bhaineann leis an bpaiste talún seo ar beag saothrú talmhaíochta á dhéanamh air le roinnt blianta anuas. Bheadh de thionchar carnach ag an togra FST seo ar na tailte ó dheas den bhóthar atá beartaithe a fhorbairt i bpaiste 229 go gcúngófaí ar an réimse talmhaíochta ar an bpaiste talún agus go gcuirfí leis an ngabháil talún dá réir ionas go maolófaí an toradh deighilte. Tríd is tríd, ní tharlódh aon athrú mar gheall ar an togra FST seo ar thoradh na measúnachta maidir le tionchar ar an bpaiste talún. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le cúrsaí talmhaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra FST beartaithe (suíomh 2.56 heicteár) chomh fada agus a bhaineann leis an limistéar staidéir ná leis an réigiún. | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Ní tharlóidh aon tionchar carnach suntasach maidir le caighdeán an aeir de thoradh ar an obair thógála mar gheall ar na bearta maolúcháin atá beartaithe i ndáil leis an N6 CBCG agus CEMP a chur i bhfeidhm faoi mar atá dlite faoin gcead 304762-19. Sa Fhreagra RFI, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa NPF lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus dá réir sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach idir an N6 CBCG agus an togra seo.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[15], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht. Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. | |
| | **Torann agus Creathadh:** Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an bhforbairt bheartaithe FST i rith chéim na húsáide mar gheall nach díol suntais na foinsí | |

[15] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | torainn ón togra FST seo.  Ní dócha go dtarlóidh an obair thógála ar an dá thogra ag an aon tráth amháin ach sa chás go dtarlódh, is ón obair thógála ar an mbóthar beartaithe is mó a thiocfadh torann agus creathadh sna foirgnimh is gaire do líne an bhóthair sin ag a mbraithfí sin. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin CNP san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don ITF. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an ITF, tugtar san áireamh oiread measta na tráchta faoin CNP agus an t-ardú ar an daonra i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar  agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann ná creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá an togra ceadaithe FST suite i gcomhthéacs reatha imeall bruachbhailteach Bhóthar Bhaile an Mhóinín. Tá an suíomh suite ar thailte faoi rangú 'R' (Cónaí) agus é cóngarach don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt. Tarlóidh tionchar, mar gheall ar an togra ceadaithe FST, ar dhreach na tíre agus ar chúrsaí radhairc i rith chéim na tógála agus i rith chéim na húsáide nuair a bheidh árais nua cónaithe ar fáil ar réimse talún atá criosrangaithe ina leith sin cé gur réimse talmhaíochta gan forbraíocht air a bhí ann go dtí seo. Cuirfidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe le méid an athraithe a thabharfaidh an togra ceadaithe FST i bhfeidhm ar an gceantar seo. Tugadh an criosrangú agus chomh cóngarach agus atá an suíomh san áireamh nuair a bhí an mheasúnacht maidir le dreach na tíre agus cúrsaí radharcanna á déanamh don TMTT agus déantar soláthar do scáthphlandáil leis an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt d'fhonn tionchar carnach ionchais ar chúrsaí radharcanna sa cheantar a mhaolú mar a leagtar amach in Fíor 12.1.04 sa TMTT. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an N6 CBCG atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an togra FST beartaithe san ionad seo. | |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil leis an togra beartaithe seo agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh ón N6 CBCG beartaithe agus mar gheall nach dtiocfaidh aon tionchar (indíreach) radhairc chun tosaigh a bhaineann le hacmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** D'fhéadfadh gá le móin a bhaint/thabhairt chun bealaigh ag suíomh an togra beartaithe, chomh maith le ithir a chailliúint agus dlús an-ard ábhar cumascáin ionchais. Ina ainneoin sin, meastar gur beag i gcónaí an chailliúint olliomlán atá i gceist ar an scála áitiúil. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach ná geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | FST ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP. | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá an togra beartaithe FST ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín Thoir suite ar bhonnchloch eibhir agus le fána go mór ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Hidreolaíocht:** Tá togra beartaithe FST Bhóthar Bhaile an Mhóinín le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme de réir mar a éilítear faoin bPlean Forbartha reatha sa chaoi is go gcoinnítear na rátaí rith tuile chun srutha tar éis na forbartha leis na rátaí ar an talamh neamhfhorbartha le maolú i ndáil le tromchás báistí 100 bliain agus athrú 20% ar an aeráid. Déanfar sceitheadh ón togra forbartha seo i Sruthán Thóin na Brocaí, foshruth de chuid Shruthán Bhearna, a thaosctar i Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe i gCuan an Roisín. Tarlaíonn sceitheadh ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt sa sruthán seo ón bPríomhlíne. Déanfar an t-eisilteach bréan ó thogra beartaithe FST Bhóthar Bhaile an Mhóinín a sceitheadh sa séarach bréan poiblí agus tabharfar cóireáil air ag monarcha cóireáil fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus maidir le caighdeán an uisce stoirme, ionas go gcosnaítear an ceantar ina dtaosctar. Tá an t-eisilteach bréan ón bhforbairt beartaithe measta agus ceadanna faighte ó Uisce Éireann. Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST seo. | |
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Faoi mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid maidir le togra FST 18/4, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht, le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speicis. Tháinig an Bord Pleanála ar an mbreith, agus cead á thabhairt maidir le togra FST 18/4, nár dhócha aon tionchar suntasach ar an timpeallacht ag an togra forbraíochta mar gheall ar chineál agus ar scála an tsuímh agus ar an áit ina bhfuil sé.<br><br>De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra FST 18/4 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d’aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, de thoradh ar thogra FST 18/4, ní bheidh tionchar | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar an ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm go háitiúil.<br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 18/4 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa TMTT. | |
| **FST Crown Square, Bóthar Mhuine Mheá & Bóthar an tSeoighigh, Mervue**<br>**(304928-19)**<br>**(FST 18/6)** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Ní tharlóidh aon tionchar carnach suntasach maidir le cúrsaí socheacnamaíochta. Tá togra FST beartaithe Crown Square suite 300m ón gcrosbhóthar idir Bóthar Thuama agus bóthar an N6 mar atá faoi láthair agus níos mó ná 2 km ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra FST beartaithe (304928-19). | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide. |
| | **An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | |
| | **Sláinte an Duine:** Tá an fhorbairt atá beartaithe suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dtagann aon tionchar carnach i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar chéim na tógála ná céim na húsáide i ndáil leis an bhforbraíocht FST seo. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair i ndáil i ndáil leis an togra beartaithe FST seo agus an N6 CBCG beartaithe | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Tá an suíomh 5.1 heicteár seo atá suite ag an Crown Square, Bóthar Mhuine Mheá, taobh amuigh den limistéar staidéir. Ní talamh talmhaíochta atá ann. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra FST beartaithe. | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad an togra beartaithe FST ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála. Anuas air sin, sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus dá réir sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach idir an togra seo agus an N6 CBCG.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe. Faoi mar a | |

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** | **Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó)** |
|---|---|---|
| | leagtar amach i lón treorach an IEMA[16], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht. Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. | |
| | **Torann agus Creathadh:** Tá an togra FST beartaithe suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG agus an togra FST seo in éineacht i rith chéim na tógála ná chéim na húsáide. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin CNP san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don ITF. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an ITF, tugtar san áireamh oiread measta na tráchta faoin CNP agus an t-ardú ar an daonra i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann ná creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá an togra ceadaithe FST suite ar thailte faoi rangú 'CI' (Fiontraíocht, Tionsclaíocht Éadrom & Tráchtáil) i gcomhthéacs reatha imeall uirbeach forbartha na cathrach. Tá an suíomh deighilte go fisiciúil agus ó thaobh amhairc ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar gheall ar an bhfad ó láthair agus ar fhorbraíocht idir eatarthu cheana féin. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an bhforbairt atá ceadaithe san ionad seo. | |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil leis an togra beartaithe seo agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall ar fhad láthair an togra FST ó láthair na scéime, mar gheall ar chuma fhorbartha an tsuímh agus an cheantair máguaird agus mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh ón N6 CBCG beartaithe. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Níor tugadh aon éilliúchán chun suntais agus ní dócha go dtarlóidh aon ithir nádúrtha | |

[16] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** | **Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó)** |
|---|---|---|
| | a chailliúint, nó tada le tada leis an mbeagán ar a mhéid, i bhfianaise an togra beartaithe FST a bheith suite i gceantar foirgníochta agus na comharthaí gur talamh ceaptha atá ar fáil de réir mar a fheictear ar an ábhar mapála. Meastar gur beag ar an scála áitiúil an chailliúint maidir le hábhar ionchais cumascáin. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach ná geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP. | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá an togra beartaithe FST ag Crown Square suite ar bhonn aolchloiche agus taobh istigh de réimse screamhuisce Dhroichead an Chláirín. Tá sé suite le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Hidreolaíocht:** Tá an togra beartaithe FST le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme de réir mar a éilítear faoin bPlean Forbartha reatha sa chaoi is go gcoinnítear na rátaí rith tuile chun srutha tar éis na forbartha leis na rátaí ar an talamh neamhfhorbartha. Déanfar an t-eisilteach bréan a bhailiú agus tabharfar cóireáil air ag Monarcha Cóireáil Fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus maidir le caighdeán an uisce stoirme, ionas go gcosnaítear an ceantar ina dtaosctar agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST seo. | |
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Faoi mar a leagtar amach sa chaibidil maidir le cúrsaí Bithéagsúlachta sa tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid i ndáil le togra FST 18/6, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht, le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speicis. Tháinig an Bord Pleanála ar an mbreith, agus cead á thabhairt maidir le togra FST 18/6, nach measfaí "*faoi réir ag na bearta maolúcháin a leagtar amach sa TMTT a chur i bhfeidhm agus cloí leis na coinníollacha arna leagan síos, gur suntasach an tionchar a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe, as féin nó in éineacht le forbairt eile sa cheantar, ar an timpeallacht*". | |

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** | **Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó)** |
|---|---|---|
| | De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra FST 18/6 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d'aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, de thoradh ar thogra FST 18/6 (suíomh uirbeach ar gnáthóg ar thalamh carta agus ar thalamh lom is mó atá ann), ní bheidh tionchar carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar an ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm go háitiúil.<br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 18/6 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an N6 CBCG a chuirtear i láthair sa TMTT. | |
| **An Daingean, An Caisleán Nua Uachtarach. Cóiríocht do Mhic Léinn. (301693-18)**<br>**(FST 18/1)** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Cruthaítear tionchar socheacnamaíochta beag chun sochair leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar trí fheabhas a chur ar an gceangal le bóthar an N59 agus trí roinnt den trácht a athrú ó bhóthar an N6 mar atá faoi láthair. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra FST beartaithe (301693-19). | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide. |
| | **An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | |
| | **Sláinte an Duine:** Tá an fhorbairt FST atá beartaithe suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dtagann aon tionchar carnach i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar chéim na tógála ná céim na húsáide i ndáil leis an bhforbraíocht FST seo. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair i ndáil i ndáil leis an togra beartaithe FST seo agus an N6 CBCG beartaithe | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní talamh talmhaíochta an suíomh 5.7 heicteár seo atá suite ag an Daingean, an Caisleán Nua Uachtarach. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí talmhaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra FST beartaithe (301693-18). | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad an togra beartaithe FST ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála.<br>Sa Fhreagra RFI, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | thabhairt san áireamh atá á thuar sa NPF lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus dá réir sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach idir an N6 CBCG agus an togra seo.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[17], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht**.** Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. | |
| | **Torann agus Creathadh:** Tá an togra FST beartaithe suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG agus an togra FST seo in éineacht i rith chéim na tógála ná chéim na húsáide. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin CNP san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don ITF. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an ITF, tugtar san áireamh oiread measta na tráchta faoin CNP agus an t-ardú ar an daonra atá á thuar i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh a agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann ná creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá an togra ceadaithe FST suite ar thailte faoi pháirtrangú 'R' (Cónaí) agus faoi pháirtrangú 'CI' (Fiontraíocht, Tionsclaíocht Éadrom & Tráchtáil) taobh istigh de chomhthéacs reatha fhorbraíocht bhruachbhailte Bhóthar Thomáis Uí Eidhin/Bhóthar an N59. Táthar gan don obair a thabhairt chun críche ar an togra forbraíochta atá deighilte go fisiúil agus ó thaobh amhairc ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar gheall ar fhorbraíocht atá idir eatarthu, ar fhásra agus ar achar maith idir an dá láthair. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an bhforbairt atá ceadaithe san ionad seo. | |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an | |

[17] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA)dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** | **Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó)** |
|---|---|---|
| | oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil i ndáil leis an togra beartaithe FST seo agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall ar fhad láthair na forbraíochta ó láthair na scéime, mar gheall ar chuma fhorbartha an tsuímh agus an cheantair máguaird agus mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh ón N6 CBCG beartaithe. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Tarlóidh beagán ithreach a chailliúint ar roinnt de shuíomh an togra FST agus tá roinnt eile a rangaítear mar thalamh ceaptha. Tarlóidh dlús an-ard ábhar cumascáin ionchais a chailliúint freisin. Ina ainneoin sin, meastar gur beag an chailliúint olliomlán atá i gceist ar an scála áitiúil. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach ná geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP. | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá an togra beartaithe FST ag an Daingean, an Caisleán Nua Uachtarach, suite ar bhonn aolchloiche agus taobh istigh de réimse screamhuisce Loch an Rois. Tá sé suite le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Hidreolaíocht:** Tá an togra beartaithe FST le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme de réir mar a éilítear faoin bPlean Forbartha reatha. Déanfar sceitheadh sa séarach stoirme lena ndéantar freastal ar cheantar an Daingin faoi láthair agus a théann amach Sruthán na Drioglainne ag Campas OÉG. Suíomh réamhfhorbartha an ceann seo a mbíodh óstán agus carrchlós air cheana. Déanfar an t-eisilteach bréan a bhailiú agus tabharfar cóireáil air ag Monarcha Cóireáil Fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus maidir le caighdeán an uisce stoirme, ionas go gcosnaítear an ceantar ina dtaosctar agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST seo. | |
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Faoi mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid maidir le togra FST 18/1, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh | |

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** | **Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó)** |
|---|---|---|
| | aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht, le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speicis. Tháinig an Bord Pleanála ar an mbreith, agus cead á thabhairt maidir le togra FST 18/1, nár dhócha aon tionchar suntasach ar an timpeallacht ag an togra forbraíochta mar gheall ar chineál agus ar scála an tsuímh agus ar an áit ina bhfuil sé.<br>De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra FST 18/1 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d'aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, de thoradh ar thogra FST 18/1 (áras óstáin i lár na cathrach faoi láthair), ní bheidh tionchar carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar an ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm go háitiúil.<br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 18/1 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an N6 CBCG a chuirtear i láthair sa TMTT. | |
| **OÉG, An Campas ó Thuaidh, An Daingean**<br>**(303846-19)**<br><br>**(FST 18/3)** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Cruthaítear tionchar socheacnamaíochta beag chun sochair leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar trí fheabhas a chur ar an gceangal le bóthar an N59 agus trí roinnt den trácht a athrú ó bhóthar an N6 mar atá faoi láthair. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra FST beartaithe (303846-19). | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide. |
| | **An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | |
| | **Sláinte an Duine:** Tá an fhorbairt atá beartaithe suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dtagann aon tionchar carnach i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar chéim na tógála ná céim na húsáide i ndáil leis an bhforbraíocht FST seo. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair i ndáil i ndáil leis an togra beartaithe FST seo agus an N6 CBCG beartaithe. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní talamh talmhaíochta an suíomh 0.88 heicteár seo atá suite ar an gCampas | |

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** | **Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó)** |
|---|---|---|
| | ó Thuaidh, an Daingean. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí talmhaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra FST beartaithe (303846-19). | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad an togra beartaithe FST ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní mheastar go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála.<br>Sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus dá réir sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach idir an N6CBCG agus an togra seo.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[18], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht**.**<br>Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. | |
| | **Torann agus Creathadh:** Tá an togra FST beartaithe suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG agus an togra FST seo in éineacht i rith chéim na tógála ná chéim na húsáide. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin CNP san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don ITF. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an ITF, tugtar san áireamh oiread measta na tráchta faoin CNP agus an t-ardú ar an daonra i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann ná creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá an togra ceadaithe FST suite ar thailte faoi rangú 'CF' (Cúrsaí Pobail, Cultúir agus Forais) i réimse de champas OÉG a bhfuil páirtfhorbairt tugtha air cheana féin. Cé go bhfuil an suíomh deighilte go | |

[18] Nóta treorach ón *Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA)* dar teideal *'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'*

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | fisiciúil ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, beidh amharc ón togra forbraíochta ar an droichead beartaithe trasna Abhainn na Gaillimhe. Os a choinne sin, tá an togra ceadaithe FST suite i réimse den champas a bhfuil páirtfhorbairt déanta air cheana féin agus ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an togra seo. | |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil i ndáil leis an togra beartaithe FST seo agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall ar fhad láthair na forbraíochta ó láthair na scéime agus mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh ón N6 CBCG b. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Tarlóidh, de réir mhapáil de chuid SGÉ/Teagasc, ithir agus dlús an-ard ábhar cumascáin ionchais a chailliúint. Ina dhiaidh sin féin, meastar gur beag sin ar an scála áitiúil. De réir thuairisc scagbhreithnithe maidir leis an togra FST, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach ar an timpeallacht maidir le hithir ná gnéithe geolaíochta. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach ná geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP. | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá an togra beartaithe FST ag an Daingean suite ar bhonn aolchloiche agus taobh istigh de réimse screamhuisce Loch an Rois. Tá sé suite le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Hidreolaíocht:** Tá an togra beartaithe maidir le cóiríocht do mhic léinn le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme de réir mar a éilítear faoin bPlean Forbartha reatha sa chaoi is go gcoinnítear na rátaí rith tuile chun srutha tar éis na forbartha leis na rátaí ar an talamh neamhfhorbartha. Déanfar an t-eisilteach bréan a bhailiú agus tabharfar cóireáil air ag Monarcha Cóireáil Fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus maidir le caighdeán an uisce stoirme, ionas go gcosnaítear an ceantar ina dtaosctar agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST seo. | |
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Tugadh chun suntais mar chuid den tsuirbhéireacht maidir leis an N6 CBCG a rinneadh i rith na bliana 2014 go raibh réimsí de ghnáthóga de na cineálacha príomhthábhachta faoi Iarscríbhinn I, Féarach cailcreach agus Foraois ghlárach iarmharach, ar fáil taobh istigh de shuíomh forbartha thogra FST 18/3. Réimse níos cúinge den dá chineál gnáthóige a luaitear sa sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid maidir le togra forbartha FST 18/3 agus áitítear go ndéanfar na réimsí sin de na cineálacha príomhthábhachta faoi Iarscríbhinn I, Féarach cailcreach agus Foraois ghlárach iarmharach a tugadh chun suntais ann sa bhliain 2016 a choinneáil agus nach mbeidh aon tionchar go díreach orthu ag togra FST 18/3 a fhorbairt. Ar aon chuma, ní dócha go mbeidh tionchar suntasach iarmharach ar bith ag togra N6 CBCG ar cheachtar den dá chineál gnáthóige ó tharla an chailliúint gnáthóige a bhaineann leis an mbóthar beartaithe a fhorbairt á thabhairt isteach le Féarach cailcreach agus Foraois ghlárach iarmharach a chruthú mar chuid den straitéis maolúcháin atá beartaithe maidir leis an N6 CBCG.<br>De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra FST 18/3 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d'aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt.<br>Faoi mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta maidir le togra FST 18/3, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht, le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speicis. Tháinig an Bord Pleanála ar an mbreith, agus cead á thabhairt maidir le togra FST 18/3, nár dhócha aon tionchar suntasach ar an timpeallacht ag an togra forbraíochta mar gheall ar chineál agus ar scála an tsuímh agus ar an áit ina bhfuil sé. | |
| **Cnoc Aibhistín, CCG Tag. 2047**<br>**IARRATAS TF** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Beidh togra beartaithe Chnoc Aibhistín suite ar chúl Stáisiún Ceannt, níos mó ná 3km ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe Chnoc Aibhistín. | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide |
| | **An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | |
| | **Sláinte an Duine:** Tá an fhorbairt atá beartaithe suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dtagann aon | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | tionchar carnach i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar chéim na tógála ná céim na húsáide i ndáil leis an bhforbraíocht FST seo. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair i ndáil i ndáil leis an togra beartaithe FST seo agus an N6 CBCG beartaithe. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní ar thalamh talmhaíochta atá an suíomh seo. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí talmhaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe Chnoc Aibhistín. | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad an togra beartaithe ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní mheastar go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála.<br>Sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus dá réir sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach idir an N6CBCG agus an togra seo.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir le togra beartaithe Chnoc Aibhistín. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[19], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht**.** Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe FST seo ar chúrsaí aeráide. | |
| | **Torann agus Creathadh** Tá an togra FST beartaithe suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG agus an togra FST seo in éineacht i rith chéim na tógála ná chéim na húsáide. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin CNP san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don ITF. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an ITF, tugtar san áireamh oiread measta na tráchta faoin CNP agus an t-ardú ar an daonra atá á thuar faoin CNP i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh | |

[19] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann ná creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST. | |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá an suíomh i lár Chathair na Gaillimhe, achar maith ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus iad deighilte óna chéile ó thaobh ceangal aiceanta agus amhairc. Dá réir sin, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an togra seo. | |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil leis an togra beartaithe seo agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall ar fhad láthair na forbraíochta ó láthair na scéime, mar gheall ar chuma fhorbartha an cheantair máguaird agus mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh ón N6 CBCG beartaithe. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Meastar gur dlús íseal ábhar cumascáin ionchais atá ag baint leis an togra beartaithe. Chomh maith leis sin, ní dócha go dtarlóidh aon ithir nádúrtha a chailliúint, nó tada le tada leis an mbeagán ar a mhéid, i bhfianaise an togra beartaithe a bheith suite i gceantar foirgníochta agus na comharthaí gur talamh ceaptha atá ar fáil de réir mar a fheictear ar an ábhar mapála. De réir mar a leagtar amach i gCaibidil 7 sa TMTT maidir le togra Chnoc Aibhistín, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach ar an talamh ná ar an ithir. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach ná geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP. | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá an suíomh seo suite níos mó ná 3km ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i lár na cathrach. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an bhforbairt bheartaithe. | |
| | **Hidreolaíocht:** Tá togra beartaithe Chnoc Aibhistín, suite ar chúl Stáisiún Ceannt, le fána ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme de réir mar a éilítear faoin bPlean Forbartha reatha sa chaoi is go gcoinnítear na rátaí rith tuile chun srutha tar éis na forbartha leis na rátaí ar an talamh neamhfhorbartha | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | le maolú i ndáil le tromchás báistí 100 bliain agus athrú 20% ar an aeráid. Déanfar sceitheadh sa Séarach Cumaisc Poiblí. Déanfar an t-eisilteach bréan ón togra beartaithe a sceitheadh sa séarach bréan poiblí agus tabharfar cóireáil air ag monarcha cóireáil fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Déanfar bainistíocht maidir le rith chun srutha aimsir stoirme ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus maidir le caighdeán an uisce stoirme, ionas go gcosnaítear an ceantar ina dtaosctar. Tá an t-eisilteach bréan ón bhforbairt beartaithe measta agus ceadanna faighte ó Uisce Éireann. Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST seo. | |
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Faoi mar a leagtar amach sa chaibidil maidir le cúrsaí Bithéagsúlachta sa tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid i ndáil le togra 20/47, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith.<br>De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra 20/47 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d'aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, de thoradh ar thogra 20/47 (suíomh uirbeach ar gnáthóg ar thalamh carta agus ar thalamh lom is mó atá ann), ní bheidh tionchar carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar an ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm go háitiúil.<br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 20/47 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa TMTT. | |
| **Scéim Soláthar Uisce Iarthar na Gaillimhe – Oibreacha Iontógála MCU Thír Oileáin agus Príomhphíobán Aníos Chnoc an** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Ní dócha aon tionchar carnach suntasach mar gheall ar chineál na forbartha atá beartaithe. | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide |
| | **An Ghaeilge:** Ní dócha aon tionchar carnach suntasach mar gheall ar chineál na forbartha atá beartaithe. | |
| | **Sláinte an Duine:** Cuirfear feabhas ar an infreastruchtúr fuíolluisce i gcathair na Gaillimhe le togra beartaithe Uisce Éireann. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, chun dochair i gceist maidir le cúrsaí socheacnamaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| **Chlocháin (Uisce Éireann)** **19/107** | tionchar carnach chun dochair i ndáil i ndáil leis an togra beartaithe FST seo agus an N6 CBCG beartaithe. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní talamh talmhaíochta an suíomh seo. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí talmhaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe (19/107). | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** I rith chéim na tógála, cinnteofar trí bhearta maolúcháin a chur i bhfeidhm (maidir leis an N6 CBCG agus leis an togra seo araon) nach dócha aon tionchar suntasach carnach, díreach ná indíreach, ar chaighdeán an aeir a theacht chun cinn mar a mbeadh baol go dtarlódh sin. Sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus dá réir sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach idir an N6CBCG agus an togra seo.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an togra beartaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[20], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht**.** Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe (19/107) ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe seo ar chúrsaí aeráide. | |
| | Torann agus Creathadh: Tá an togra FST beartaithe suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG agus an togra FST seo in éineacht i rith chéim na tógála ná chéim na húsáide. | |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá an togra forbraíochta seo suite taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe, níos mó ná 1.5km ó dheas/soir ó dheas den bhóthar atá beartaithe a fhorbairt. Tá an príomhstruchtúr maidir le huisce a thabhairt isteach suite ó dheas de Dhroichead na gCúig Chéad den chlaífort bóthair lena ais. Níl aon cheangal fisiciúil ná amhairc idir an togra seo agus an bóthar atá beartaithe a fhorbairt. Dá réir sin, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an | |

[20] Nóta treorach ón *Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA)* dar teideal *‘Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance’*

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | togra seo. | |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil leis an togra beartaithe seo agus an N6 CBCG beartaithe. Is amhlaidh an cás mar gheall ar fhad láthair na forbraíochta ó láthair na scéime agus mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh ón N6 CBCG b. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Tarlóidh de thoradh thogra Uisce Éireann go gcaillfear beagán ithreach agus go gcaillfear dlús an-ard nó dlús ard ábhar cumascáin ionchais. Ina dhiaidh sin féin, meastar gur beag sin ar an scála áitiúil. Chomh maith leis sin, leagtar amach bearta maolúcháin ionas go gcosnaítear an timpeallacht má eascraíonn éilliú ar bith ón obair thógála nó as an ithir ar an láthair (i.e. leagtar amach san RTN go mbeidh dramhábhar guaiseach tógála á stóráil in ionaid shealadacha bhundaithe sula dtugtar chun bealaigh é). Dá réir sin, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach ar an talamh ná ar an ithir agus ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach agus geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe ar na bearta maolúcháin cuí a leagtar amach sa N6 CBCG a chur i bhfeidhm agus cloí leis an CEMP. | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an bhforbairt bheartaithe. | |
| | **Hidreolaíocht:** Ní dócha aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe seo Uisce Éireann de bharr chineál na forbartha atá beartaithe. Ní bheidh aon tionchar inbhraite ag an mbóthar beartaithe a fhorbairt ar an réimeas srutha, ar shalandacht, ar an bpróiseas dríordrúcháin ná ar chaighdeán an uisce níos faide síos an sruth in Inbhear Abhainn na Gaillimhe agus sa chuid istigh de Chuan na Gaillimhe, i rith chéim na tógála ná i rith chéim na húsáide. Déantar tagairt freisin do Sceideal na nGealltanas maidir le cúrsaí Timpeallachta a bhaineann le hUisce Éireann. | |
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Faoi mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid maidir le togra 19/107, agus ar na bearta maolúcháin a leagtar amach ansin a thabhairt san áireamh, ní thiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta de thoradh ar an togra as féin ar scála tíreolaíochta ar bith, lena n-áirítear aon tionchar a bhaineann le suíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le | |

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** | **Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó)** |
|---|---|---|
| | caomhnú an dúlra, le hidreolaíocht, le hidrigeolaíocht,le caighdeán an aeir ná le cur isteach ar speiceas. Tháinig an Bord Pleanála ar an mbreith, agus cead á thabhairt maidir le togra 19107 “*nár dhócha aon tionchar suntasach ar an timpeallacht ag an togra forbraíochta mar gheall ar chineál agus ar scála an tsuímh agus ar an áit ina bhfuil sé*”.<br><br>De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní thiocfaidh de thoradh ar thogra 19107 go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná d’aon chineál eile ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach dtiocfaidh aon toradh iarmharach suntasach maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar scála tíreolaíochta ar bith, de thoradh ar thogra 19107, ní bheidh tionchar carnach ag an N6 CBCG beartaithe agus ag an togra seo le chéile ar an ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm go háitiúil.<br><br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus togra FST 19107 a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an N6 CBCG a chuirtear i láthair sa TMTT. | |
| **20/46**<br><br>**Bóthar an Chlaí Bháin Mionchluana agus Crosbhóthar Mhionchluana**<br><br>**IARRATAS TF** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Tá an fhorbairt cónaithe 20/46 (Mionchluana An Claí Bán) le bheith lonnaithe ar thailte atá criosaithe d’fhorbairt. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe Uimh. Thag. 20 / 464.<br><br>**An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail.<br><br>**Sláinte an Duine:** Tá an fhorbairt cónaithe 20/46 (Mionchluana An Claí Bán) le bheith lonnaithe gar don N6 CBCG atá beartaithe. Ó tharla nach samhlaítear aon tionchar suntasach carnach leis na cosáin do shláinte an duine, do chaighdeán an aeir, ó thaobh torainn agus creathaidh, uisce agus ithreacha, ní dócha go mbeidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, i gceist do shláinte an duine mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe Uimh. Thag. 20 / 464.<br><br>**Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Tá tionchar ag an bhforbairt chónaithe 20/46 (Mionchluana An Claí Bán) ar thailte a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, scéim cosanta bóthair uimh. 242. Tá na tailte seo criosaithe d’fhorbairt, rud atá ag teacht leis an bhforbairt bheartaithe cónaithe agus breithnítear go bhfuil tionchar de bheagán ag an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt ar na tailte sin agus ní dócha aon tionchar suntasach carnach, díreach ná indíreach a bheith ag an N6 CBCG i gcumasc- leis an togra beartaithe seo Uimh. Thag 20 / 464. | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Tá tionchar ag an togra tithíochta seo ar thailte faoi scéim bóthair cosanta uimh. 242. Tá an paiste talún seo aicmithe mar phaiste íogaire an-íseal ó tharla nach bhfuil saothrú feirmeoireachta á dhéanamh air agus ní mheastar an tionchar ó thaobh cailliúint talún de bharr an N6 CBCG a bheith suntasach. Ó tharla an paiste iomlán talún á chailliúint cuirtear leis an tionchar go mbíonn ina thionchar measartha chun dochair ar an bpaiste talún seo ann féin. Ní thiocfaidh athrú ar an tionchar ar an limistéar staidéir scáth 2.6 heicteár breise a chailliúint agus níl tionchar suntasach i gceist ar leibhéal an réigiúin. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra Uimh. Thag 20 / 464 laistigh den limistéar staidéir ná ag an leibhéal réigiúnach.<br><br>**Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Tá an fhorbairt chónaithe 20/46 (Mionchluana An Claí Bán) le bheith lonnaithe gar don N6 CBCG atá beartaithe. Áirítear mar chuid den chead pleanála don fhorbairt go ndéanfaí Plean Bainistíochta Tógála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena n-áireofar mionsonraí maidir leis an gcleachtas tógála atá beartaithe i ndáil leis an bhforbairt. Leis sin éileofar ar an bhforbróir an núis a bhainfeadh le dusta lasmuigh den láithreán a íoslaghdú. Ar an mbonn sin agus mar thoradh ar moladh go gcuirfí bearta suntasacha i bhfeidhm chun dusta a íoslaghdú ar an togra N6 CBCG, ní dócha go mbeidh aon tionchar carnach, díreach ná indíreach, i gceist ar chaighdeán an aeir mar thoradh ar an tógáil. Sa Fhreagra ITF maidir leis an N6CBCG beartaithe, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir. Dá réir sin, ar an N6 CBCG agus an togra seo a mheas in éineacht, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[21], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht. Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo a thógáil ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide i rith chéim na tógála agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe cónaithe seo ar chúrsaí aeráide.<br><br>**Torann agus Creathadh:** Sa chás go ndéanfaí an obair thógála ar an dá thogra an t-aon tráth amháin, is í an obair thógála maidir le togra cónaithe Mhionchluana An Chlaí Bháin is mó a bheadh le brath ag na hionaid braite torainn is gaire do | |

[21] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | theorainn an togra sin. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an bhforbairt bheartaithe chónaithe seo i rith chéim na húsáide mar gheall nach díol suntais na foinsí torainn ón gcineál seo forbartha. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin NPF san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don RFI. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an ITF, tugtar san áireamh oiread measta na tráchta faoin CNP agus an t-ardú ar an daonra i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar agus, dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann ná creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis bhforbairt chónaithe.<br><br>**Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá an fhorbairt bheartaithe lonnaithe soir ó dheas ón acomhal idir Bóthar Rathúin agus Bóthar an Chlaí Bháin. Tá an láithreán gar do phríomhlíne an bhóthair atá beartaithe a fhorbairt. Mar chuid den fhorbairt bheartaithe bóthair, foráiltear sna bearta maolúcháin tírdhreacha do chur fairsing ar fhána thoir chlaífort an phríomhlíne (Ch. 6+000 go Ch.6+550), a scarfaidh an fhobairt bheartaithe bóthair ón láithreán cónaithe agus vice versa. Tá an fhorbairt cónaithe ar thailte criosaithe faoi rangú 'R' (Cónaí) agus ar cholbha fhorbairt cónaithe atá ann cheana sa limistéar agus leis sin déanfar í a chomhtháthú isteach sa chreatlach bruachbhailteach atá ann cheana. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an bhforbairt seo.<br><br>**Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach, díreach na indíreach, chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil le an togra beartaithe seo FST Crown Square i gcumasc leis an N6 CBCG. Is amhlaidh an cás mar gheall chineál agus ar scála na forbartha agus an N6 CBCG beartaithe ag an suíomh seo, mar gheall ar chuma fhorbartha an cheantair cheana féin, mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh sa cheantar seo ón N6 CBCG beartaithe agus mar gheall nach dtiocfaidh aon tionchar (indíreach) radhairc chun tosaigh a bhaineann le hacmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir.<br><br>**An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Is é is dócha go mbeidh cailliúint d'ithir thirim chomh maith le dlús an-ard ábhar cumascáin a chailliúint. Ina ainneoin sin, meastar gur beag an chailliúint olliomlán atá i gceist ar an scála áitiúil. Dá bhrí sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach agus geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe Mhionchluana. | |

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** | **Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó)** |
|---|---|---|
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá an togra beartaithe FST suite ar bhonnchloch eibhir gar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt ach le fána go mór uaidh. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST.<br><br>**Hidreolaíocht:** Tá Mionchluana/An Claí Bán leagtha amach d'eastát cónaithe gar don taobh thoir theas den fhorbairt bheartaithe bóthair.<br>Ní bheidh aon tionchar bainteach i gceist ón bhforbairt bheartaithe bóthair maidir le cáilíocht an uisce ná tuilte i gcás uisce dromchla. Níl an eastát beartaithe lonnaithe laistigh den chrios lena mbaineann baol tuilte agus déanfar uisce stoirme a bhainistiú trí mhaolú. Déanfar an t-eisilteach bréan ón eastát cónaithe beartaithe a sceitheadh sa séarach bréan poiblí agus tabharfar cóireáil air ag monarcha cóireáil fuíolluisce Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é trí phíopa sceite Inis Caorach. Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe cónaithe seo.<br><br>**Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Ní raibh Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta, Measúnú Tionchair Éiceolaíochta ná aon tuarascálacha Measúnaithe Chuí ag gabháil leis an máthair-iarratas ná leis an iarratas seo, ag féachaint leis an máthair-iarratas a ceadaíodh a leasú. Bunaithe ar an mápáil agus na sonraí atá ar fáil, is cosúil gur gnáthóga garbha iad na gnáthóga laistigh den láithreán forbartha ina bhfuil féarach talmhaíochta d'fhásra driseacha agus scrobarnaigh, agus buncharraig eibhir ag gobadh aníos agus topagrafaíocht shléibhtiúil.<br><br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 GBCG agus an togra seo a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith an N6 CBCG, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa EIAR. | |
| **20/83**<br>**(Bóthar Stiofáin, Ráthún)**<br>**IARRATAS TF** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Cuirfidh trácht ón bhforbairt bheartaithe cónaithe seo a bheidh ag déanamh ar Nascbhóthar an N59 leis an trácht ar Bhóthar Stiofáin. Beidh , lonnaithe áfach ar thailte atá criosaithe d'fhorbairt. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta chun cinn mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe cónaithe 20/83 (Bóthar Stiofáin) residential .<br><br>**An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | **Sláinte an Duine:** Tá togra beartaithe cónaithe 20/83 (Bóthar Stiofáin) suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra cónaithe 20/83 (Bóthar Stiofáin).<br><br>**Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** I bhfianaise togra beartaithe cónaithe 20/83 (Bóthar Stiofáin) a bheith suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, meastar nach dócha go dtarlóidh, maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG in éineacht i ndáil le togra beartaithe cónaithe 20/83 (Bóthar Stiofáin)<br><br>**Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG in éineacht togra beartaithe cónaithe 20/83 (Bóthar Stiofáin) ó tharla nach talamh talmhaíochta atá sa réimse talún seo.<br><br>**Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad thogra beartaithe cónaithe 20/83 (Bóthar Stiofáin) ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní tharlóidh aon tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála. Sa Fhreagra ITF, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir. Dá réir sin, ar an N6 CBCG agus an togra seo a mheas in éineacht, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach.<br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe FST. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[22], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht. Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo a thógáil ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide i rith chéim na tógála agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe cónaithe seo ar chúrsaí aeráide.<br><br>**Torann agus Creathadh:** Tá togra beartaithe cónaithe Bhóthar Stiofáin suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus nach dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach maidir le torann mar gheall ar chéim na tógála i ndáil leis an togra FST seo ná ar chéim na húsáide. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná | |

[22] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | indíreach, i gceist maidir le torann agus creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra beartaithe cónaithe Bhóthar Stiofáin (20/83).<br><br>**Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá an fhorbairt bheartaithe lonnaithe ar thalamh atá criosaithe ina thalamh cónaithe 'R' laistigh de réimse forbartha Chnoc na Cathrach. Tá an láithreán timpeall is 800m soir ó dheas de phríomhlíne an bhóthair atá beartaithe a fhorbairt. Níl aon cheangal fisiciúil ná amhairc idir an togra seo agus an bóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an bhforbairt seo.<br><br>**Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach, díreach ná indíreach, chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil le togra beartaithe Bhóthar Stiofáin i gcumasc leis an N6 CBCG. Is amhlaidh an cás mar gheall chineál agus ar scála na forbartha agus an N6 CBCG beartaithe ag an suíomh seo, mar gheall ar chuma fhorbartha an cheantair cheana féin, mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh sa cheantar seo ón N6 CBCG beartaithe agus mar gheall nach dtiocfaidh aon tionchar (indíreach) radhairc chun tosaigh a bhaineann le hacmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir.<br><br>**An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Is é is dócha go mbeidh mar thoradh ar an bhforbairt cailliúint de dhlús an-ard ábhar cumascáin. Ina ainneoin sin, meastar gur beag an chailliúint olliomlán atá i gceist ar an scála áitiúil. Ó tharla an láithreán suite i limistéar uirbeach a bhfuil forbairt déanta cheana ann ní dócha go mbeidh aon chailliúint ann ó thaobh ithir thalmhaíochta nó gur beag cailliúint de a bheidh ann. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach agus geolaíochta mar thoradh ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe.<br><br>**Hidrigeolaíocht:** Tá an togra beartaithe FST suite ar bhonnchloch eibhir agus le fána go mór ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST.<br><br>**Hidreolaíocht:** Déanann an córas poiblí séaraigh stoirme agus bréan freastal ar an bhforbairt árásán cónaithe ar Bhóthar Stiofáin, Ráthún. Ní dócha go mbeidh aon tionchar suntasach carnach, díreach ná indíreach, ag an N6 CBCG beartaithe i gcumasc leis an bhforbairt bheag árasán ar Bhóthar Stiofáin, Ráthún ar chúrsaí hidreolaíochta. Tá an láithreán cónaithe | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | lonnaithe go maith le sruth ón bhforbairt bóthair agus déanfar uisce stoirme ón láithreán a sceitheadh chuig an séarach poiblí agus an séarach breán chuig an gcóras séaraigh poiblí áit a ndéanfar sin a chóireáil in Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é in Inis Caorach. Foráiltear sa bhforbairt bóthair do cháilíocht uisce agus do mhaolú ar uisce stoirme gach áit a mbeidh sin ag dul le sruth agus dá bhrí sin ní bheidh tionchar diúltach aige ar shrutháin san áit ná ar chórais phoiblí stoirme.<br><br>**Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Bunaithe ar an mapáil agus ar na sonraí atá ar fáil, is cosúil gur gnáthóga thógtha, ar cuireadh isteach orthu agus atá ag athchóiliniú ar thalamh lom atá i gceist.<br><br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 GBCG agus an togra seo a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith an N6 CBCG, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa EIAR. | |
| **20/101 (Cnoc na Cathrach)**<br>**REATHA**<br>**IARRATAS TF** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** I bhfianaise togra beartaithe cónaithe 20/101 (Cnoc na Cathrach) a bheith suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, meastar nach dócha go dtarlóidh, maidir le cúrsaí socheacnmaíochta, aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG in éineacht i ndáil leis an togra 20/101 (Cnoc na Cathrach) seo.<br><br>**An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail.<br><br>**Sláinte an Duine:** Tá an togra beartaithe 20/101 (Cnoc na Cathrach) suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le sláinte an duine mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra 20/101 (Cnoc na Cathrach).<br><br>**Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** I bhfianaise go bhfuil togra beartaithe 20/101 (Cnoc na Cathrach) suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, meastar nach dócha go dtarlóidh, maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG in éineacht le togra 20/101 (Cnoc na Cathrach)<br><br>**Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist mar gheall ar an N6 CBCG in éineacht togra beartaithe 20/101 (Cnoc na Cathrach) ó tharla nach talamh talmhaíochta atá sa réimse talún seo. | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Mar gheall ar fhad thogra beartaithe Chnoc na Cathrach (20/101) ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ní tharlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, ar chaighdeán an aeir mar gheall ar an obair thógála. Sa Fhreagra ITF maidir leis an N6 CBCG beartaithe, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa CNP lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir. Dá réir sin, ar an N6 CBCG agus an togra seo a mheas in éineacht, ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach.<br><br>Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[23], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ón togra FST seo sin nó ón N6 CBCG nó ón bpéire in éineacht. Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe FST seo a thógáil ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 CBCG ar chúrsaí aeráide i rith chéim na tógála agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 CBCG agus ag an togra beartaithe cónaithe seo ar chúrsaí aeráide.<br><br>**Torann agus Creathadh:** Tá togra beartaithe cónaithe Chnoc na Cathrach suite sách fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt agus nach dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach maidir le torann mar gheall ar chéim na tógála i ndáil leis an togra seo ná ar chéim na húsáide. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le torann agus creathadh mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc le togra cónaithe beartaithe Chnoc na Cathrach (20/101).<br><br>**Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Tá an fhorbairt bheartaithe lonnaithe ar thalamh atá criosaithe ina thalamh Cónaithe ‘R’ laistigh de limistéar cónaithe atá ann cheana ar an taobh thiar de Bhóthar na Trá. Tá an láithreán timpeall 2km ó dheas den fhorbairt bheartaithe bóthair. Níl aon cheangal fisiciúil ná amhairc idir an togra seo agus an bóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le dreach na tíre ná radharcanna, mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt i gcumasc leis an bhforbairt seo.<br><br>**Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach, díreach ná indíreach, chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil le togra beartaithe Chnoc na Cathrach i gcumasc leis an N6 CBCG. Is amhlaidh an cás mar | |

[23] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal ‘Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance’

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | gheall chineál agus ar scála na forbartha agus an N6 CBCG beartaithe ag an suíomh seo, mar gheall ar chuma fhorbartha an cheantair cheana féin, mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh sa cheantar seo ón N6 CBCG beartaithe agus mar gheall nach dtiocfaidh aon tionchar (indíreach) radhairc chun tosaigh a bhaineann le hacmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir.<br><br>**An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** I limistéar de thalamh ceaptha atá an fhorbairt beartaithe. Ní mór bearta maolúcháin leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun ábhar éilithe a ghabháil agus a dhiúscairt go sábháilte de bharr na húsáide a baineadh roimhe sin as an láithreán mar stáisiún peitril. Is féidir go gcaithfí roinnt ábhair a dhiúscairt i saoráid cheadúnaithe dramhaíola cuí. Tá breis faisnéise iarrtha ag an údarás ar an modheolaíocht a bhaineann le hábhar a thabhairt chun bealaigh agus tograí chun an láithreán a dhíchoimisiúnú.<br><br>Leagtar amach in EIAR N6 CBCG (Alt 9.5.3.6) nár thángthas ar aon limistéar talún a tuigeadh a bhí éilithe laistigh den limistéar staidéir. D’fhéadfadh tionchar a bheith i gceist ar an ithir faoi thalamh, áfach, ó nochtadh roimhe sin d’ábhar guaiseach a cuireadh i dtalamh i láithreán dumpála gan cheadúnas mar shampla. Meastar gur tionchar measartha/beag an tionchar a d’fhéadfadh a bheith i gceist.<br><br>Ainneoin méid na fobartha beartaithe i gCnoc na Cathrach, meastar fós gur tionchar carnach measartha/beag ó thaobh talamh éilithe a bheadh i gceist. Mar a d’éiligh an tÚdarás, tá breis soiléirithe de dhíth chun méid an éilithe ar an láithreán beartaithe a chinneadh chomh maith leis na bearta maolúcháin a bheadh de dhíth.<br><br>Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, eile i gceist maidir le cúrsaí ithreach agus geolaíochta mar thoradh ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe.<br><br>**Hidrigeolaíocht:** Tá togra beartaithe FST suite ar bhonnchloch eibhir agus le fána go mór ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gá le tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe FST.<br><br>**Hidreolaíocht:** Ní dócha go mbeidh aon tionchar suntasach carnach, díreach ná indíreach, ag an N6 CBCG beartaithe i gcumasc leis an bhforbairt bheartaithe de 17 árasán i gCnoc na Cathrach (R336) Bóthar na Trá ar chúrsaí hidreolaíochta. | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | Tá an láithreán cónaithe lonnaithe go maith le sruth ón bhforbairt bóthair agus éileofar go ndéanfar uisce stoirme ón láithreán a bhainistiú ar an láithreán agus séarach a sceitheadh chuig an gcóras séaraigh poiblí breán áit a ndéanfar sin a chóireáil in Inis Caorach sula ligtear i bhfarraige é in Inis Caorach. Níl an láithreán seo laistigh den dobharchentar uiscí dromchla a mbeidh an CBCG ag sceitheadh chuige.<br><br>**Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Bunaithe ar an mapáil agus ar na sonraí atá ar fáil, is cosúil gur gnáthóga thógtha (stáisiún peitril atá ann cheana), talamh agus maoin chónaithe atá ar an láithreán forbartha.<br><br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 CBCG agus an togra seo a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith an N6 CBCG, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa EIAR. | |

## Tábla 3: Measúnacht maidir le tionchar suntasach carnach, díreach nó indíreach, ba dhócha a bheith ag Cairéal Chlaí an Dá Mhíle i gcumasc le N6 CBCG

| Plean/Togra<br>Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| **QD0021**<br>**Síneadh ar Chairéal Chlaí an Dá Mhíle**<br><br>**CEADAITHE** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** I bhfianaise gur síneadh beartaithe ar chairéal atán cheana atá sa bhforbairt seo, meastar nach dócha go dtarlóidh maidir le cúrsaí socheacnmaíochta, aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG in éineacht leis an síneadh seo ar an gcairéal.<br><br>**An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail.<br><br>**Sláinte an Duine:** Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir leis an aer, torann, uisce agus ithreacha mar gheall ar an N6 CBCG beartaithe agus an fhorbairt bheartaithe seo chun síneadh a chur ar an gcairéal (féach thíos.) Tugadh ar aird i dTuarascáil Cigireachta 2016 maidir leis an síneadh beartaithe ar an gcairéal "*Ag féachaint do chineál na gníomhaíochta cairéalaithe atá bunaithe le fada ar shuíomh an ábhair agus méid na forbartha atá á moladh faoi láthair, meastar nach mbeadh aon tionchar suntasacha ag an bhforbairt a bheartaítear ar shláinte an duine*" Dá bhrí sin is féidir a thabhairt i gcríche nach dócha go mbeidh aon tionchar suntasach carnach, díreach ná indíreach, ag an N6 CBCG agus an fhorbairt bheartaithe le síneadh a chur ar an gcairéal.<br><br>**Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní dócha aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc -leis an bhforbairt bheartaithe seo chun síneadh a chur ar an gcairéal.<br><br>**Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Ní bheidh aon tionchar suntasach carnach, díreach ná indíreach, ar shócmhainní ábhartha talmhaíochta mar thoradh ar an N6 CBCG atá beartaithe i dteannta leis an bhforbairt cairéil atá beartaithe - toisc nach bhfuil talamh talmhaíochta i gceist leis an bhforbairt bheartaithe le síneadh a chur ar an gcairéal.<br><br>**Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Tugadh ar aird i dTuarascáil Cigireachta 2016 maidir leis an síneadh beartaithe ar an gcairéal " *ag féachaint do chineál an iarratais agus do na bearta maolaithe a leagtar amach san EIS, ní bheadh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt a bheartaítear ar cháilíocht aeir an cheantair.*" Dá bhrí sin, is féidir a thabhairt i gcrích nach dócha go mbeidh aon tionchar suntasach carnach, díreach ná indíreach, ag an N6 CBCG atá beartaithe agus an fhorbairt bheartaithe le síneadh a chur ar an gcairéal. | Ní ann dóibh |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | Tugtar ar aird i dTuarascáil Cigireachta 2016 maidir leis an síneadh beartaithe ar an gcairéal go "*Is é tuairim an EIS nach bhfuil an fhorbairt bheartaithe ar scála sách mór chun aon tionchar díreach ná indíreach a bheith aici ar an aeráid go háitiúil ná go réigiúnach*." Dá bhrí sin, is féidir a thabhairt i gcrích nach mbeidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist ar chúrsaí aeráide seachas na cinn sin a leagtar amach i gcás an N6 CBCG.<br><br>**Torann agus Creathadh:** Tugadh ar aird i dtuarascáil Cigireachta 2016 maidir leis an síneadh beartaithe ar gcairéal go bhfuil an EIS, mar a fheidhmíonn faoi láthair, ag comhlíonadh na n-uasteorainneacha astaíochta ó thaobh torainn agus creathaidh. Tá na huasteorainneacha torainn & creathaidh céanna curtha i bhfeidhm maidir leis an síneadh beartaithe agus dá bhrí sin níor cheart go mbeadh aon athrú ar an timpeallacht ó thaobh torainn dá leanfaí leis an obair le síneadh a chur leis an gcairéal. Thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, ó thaobh torainn a bhainfeadh le gnáthobair an lae i ndáil leis an síneadh beartaithe ar an gcairéal i gcumasc leis an N6 CBCG beartaithe. Breithníodh freisin an bhféadfadh tionchar suntasach ó thaobh creathaidh teacht chun cinn mar a mbeadh baol go dtarlódh sin ar an drochsheans go mbeadh pléascadh ar bun ag an N6 CBCG (idir an N84 agus Bóthar na Scoile) agus togra an chairéil ag an am céanna (i gcomhthráth). Mar gheall ar an diansmacht atá ar ábhar pléascáin i gcás pléascadh agus an fógra a bhíonn le tabhairt roimh ré don phobal & do na Gardaí, ní dóigh go dtarlódh sin. Tá gealltanas tugtha san áireamh i Sceideal na nGealltanas, áfach, go rachaidh an conraitheoir i mbun idirchaidrimh le hoibreoir Chairéal Chlaí an Dá Mhíle maidir leis an sceideal pléasctha don N6 CBCG agus sceideal pléasctha an chairéil. Cinnteoidh an conraitheoir nach mbeifear i mbun pléasctha maidir leis N6 CBCG idir Bóthar na Scoile agus an N84 ag an am céanna (i gcomhthráth) a mbeidh pléascadh ar bun i gCairéal Chlaí an Dá Mhíle.<br><br>**Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Ní dócha go mbeidh aon tionchar suntasach carnach, díreach ná indíreach, ag an N6 CBCG atá beartaithe i gcumasc leis an bhforbairt bheartaithe ar an gcairéal ar dhreach na tíre ná ar radharcanna. Baineann an síneadh ar an gcairéal le cuid den chairéal atá ann a dhéanamh níos doimhne. Ó tharla gur laistigh do chuid fholamh de chairéal oibre atá ann cheana a dhéanfar an obair, ní bheidh aon tionchar carnach ó thaobh dhreach na tíre ná radharcanna i gceist i gcumasc leis an N6 CBCG atá beartaithe.<br><br>**Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Maidir le cúrsaí seandálaíochta, an oidhreacht ailtireachta agus an oidhreacht chultúir, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair is dócha a tharlódh i ndáil leis an síneadh beartaithe seo ar chairéal i gcumasc leis an N6 CBCG. Níor aithin an ABP aon tionchar, díreach ná indíreach, ar an oidhreacht chultúir ón síneadh beartaithe ar an gcairéal.<br><br>**An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Is éard a bheidh sa bhforbairt atá beartaithe leanúint le húsáid agus doimhniú an chairéil atá ann | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | agus beidh tochailt ar an mbuncharraig i gceist chomh maith le cúl-charraigeacha nádúrtha a eastóscadh. Cé go mbeidh ídiú na hacmhainne nádúrtha mar thoradh air seo, ginfear cumascán de chloch bhrúite dá bharr. Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe (N6 CBCG) beidh cailliúint nó steiriliú i gceist i gcás dlús ard agus dlús an-ard de chloch bhrúite agus a dhéantar a thuairisciú san EIAR mar thionchar iarmharach measartha /beag. Dá bhrí sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach agus geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an síneadh beartaithe ar an gcairéal.<br><br>**Hidrigeolaíocht:** Aithníodh i dtuarascáil Cigreachta ABP 2016 maidir leis an síneadh ar an gcairéal, go leanfar de leibhéil screamhuisce a tharraingt anuas san Aolchloch Viséiche trí uisce a thabhairt chun bealaigh as an mbearna cairéil chun an córas screamhuisce atá ann cheana a choinneáil ar bun. Mar thoradh ar an bplean athnuachana (Coinníoll Pleanála 10) preabfaidh leibhéil screamhuisce sa bhearna cairéil ar ais arís chuig an uasleibhéal sonraithe 11m AOD agus déanfaidh loch mór laistigh den chairéal. Ní bheidh aon athrú ar leibhéil screamhuisce na forbartha bóthair atá beartaithe mar thoradh ar phlean athnuachana an chairéil a chur i bhfeidhm ó tharla go bhfuil leibhéil screamhuisce na forbartha bóthair cuid mhaith níos airde (ag gearradh EW27 (22.84m AOD)) ná an íosleibhéal screamhuisce ar ais atá sonraithe do Chairéal Chlaí an Dá Mhíle (11mAOD).<br><br>Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG i gcumasc leis an togra beartaithe le síneadh a chur leis an gcairéal (lena n-áirítear plean athnuachana) i gClaí an Dá Mhíle.<br><br>**Hidreolaíocht:** Ní dócha go mbeidh aon tionchar suntasach carnach, díreach ná indíreach, ag an N6 CBCG atá beartaithe i gcumasc leis an bhforbairt bheartaithe ar an gcairéal ar chúrsaí hidreolaíochta. Déanfar uisce dromchla a bhainistiú laistigh den fhorbairt bheartaithe ar an gcairéal agus leis sin ní dhéanfar aon uiscí dromchla a scaoileadh díreach agus níl aon bhaol go mbeidh aon cheangal ann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Mar thoradh ar an bplean athnuachana preabfaidh leibhéil screamhuisce abhantrach an chairéil ar ais chuig an uasleibhéal sonraithe 11m AOD agus déanfaidh loch mór laistigh den chairéal. I bhfianaise na leibhéil i gcomórtas leis an bhforbairt bóthair agus an limistéar atá i mbaol tuilte ar Bhóthar Thuama ag Claí an Dá Mhíle, níl aon bhaol go mbeidh tionchar carnach chun dochair i gceist i gcás hidreolaíocht dromchla ach oiread mar atá amhlaidh i gcás an chórais hidreolaíochta, baol tuilte nó cáilíocht an uisce in aon ghabhdóir uisce dromchla.<br><br>**Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Aithnítear i dtuarascáil Cigireachta ABP maidir leis an síneadh ar an gcairéal nach mbeidh aon tionchar suntasach i gceist maidir le cúrsaí éiceolaíochta. Má bhreithnítear an tionchar iarmharach suntasach atá á thuar maidir leis an N6 CBCG ar chúrsaí bithéagsúlachta agus na bearta maolúcháin a mholtar i gcás an N6 CBCG i gcumasc leis an bhforbairt ar an gcairéal, | |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | cuirtear i gcrích nach bhfuil aon bhaol ann go mbeidh tionchar suntasach carnach, díreach ná indíreach, i gceist. | |

**Tábla~~3~~4: Measúnacht maidir le tionchar suntasach carnach, díreach nó indíreach, ba dhócha a bheith ón tionchar suntasach carnach, díreach nó indíreach, ba dhócha a bheith ag an N6 CBCG i gcumasc le hiomlán na dtograí agus na bpleananna a thugtar san áireamh in Alt 19.5 sa TMTT maille lena liostaítear de thograí in Tábla 1 agus 3 thuas.**

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** |
|---|---|
| **Measúnacht maidir le Tionchar Carnach iomlán na dtograí reatha agus na dtograí ceadaithe sonraithe ó foilsíodh an TMTT, agus na tograí arna mbreithniú i dTábla 3 i gcumasc leis an N6 CBCG agus na tograí agus na pleananna a thugtar san áireamh in Alt 19.5 sa TMTT.** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Maidir le cúrsaí socheacnamaíochta, ar an N6 CBCG a mheas i gcumasc leis na tograí eile ar fad a liostaítear in Alt 19.5 sa TMTT agus in Tábla 1 agus 3 sa tuarascáil bhreise seo, níl seans ar bith go dtarlódh tionchar carnach chun dochair, díreach ná indíreach. Mar a shonraítear i gCaibidil 18 sa TMTT, beidh tionchar suntasach iarmharach chun sochair ag an N6 CBCG beartaithe ó thaobh cúrsaí socheacnamaíochta. Cé go sonraítear tionchar éadrom chun dochair de chineálacha éagsúla leis an measúnacht carnach mar a leagtar amach in Alt 19.5 sa TMTT agus in Tábla 1 agus 3, déanfar maolú orthu sin leis an sochar glan socheacnamaíochta a thiocfaidh i gcrích leis an N6 CBCG beartaithe. |
| | **An Ghaeilge:** Ar an N6 CBCG a mheas i gcumasc leis na tograí ar fad a liostaítear in Alt 19.5 sa TMTT agus in Tábla 1 agus 3 sa tuarascáil bhreise seo, meastar nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach díreach ná indíreach maidir le stádas na Gaeilge mar theanga pobail. |
| | **Sláinte an Duine:** Is ag na háitribh sin is gaire d'ailíniú an bhóthair atá beartaithe a fhorbairt a chruthófar an tionchar is mó maidir le torann, le creathadh agus le caighdeán an aeir agus an bóthar á thógáil ionas go mbeidh forbairt an bhóthair ar an ní is mó a imríonn tionchar ar shláinte an duine ina ghaobhar i rith chéim na tógála. Níos faide ó láthair na tógála ar an mbóthar beartaithe, beidh an obair thógála ar thograí eile (mar a liostaítear in Tábla 1 agus 3 sa tuarascáil bhreise seo agus in Alt 19.5 sa TMTT) ar an ní is mó a imríonn tionchar ar shláinte an duine ag na háitribh is gaire do theorainneacha shuíomhanna na dtograí sin ag a mbeadh tionchar le brath. Dá ainneoin sin, is tionchar chun sochair an tionchar ar shláinte an duine tríd is tríd. Ar an tionchar carnach maidir leis an N6 CBCG agus leis na pleananna agus na tograí a shonraítear i gCaibidil 19 sa TMTT agus a liostaítear in Tábla 1 agus 3 thuas, a mheas, agus i bhfianaise chineál na dtograí sin agus na hionaid ina bhfuil siad, ní thiocfaidh aon tionchar carnach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le sláinte an duine. |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ar an N6 CBCG a mheas i gcumasc leis na tograí ar fad a liostaítear in Alt 19.5 sa TMTT agus in Tábla 1 agus 3 sa tuarascáil bhreise seo, meastar nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach. |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** I bhfianaise réimse talmhaíochta Chontae na Gaillimhe isteach is amach le 346,881 heicteár (Figiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh 2010), níor mhór achar iomlán na talún a chaillfí leis na tograí seo ar fad ar a n-áireamh in éineacht (i.e. N6 CBCG in éineacht lena liostaítear de thograí in Alt 19.5 sa TMTT agus in Tábla 1 agus 3 leis an tuarascáil bhreise seo) níos mó ná 3,439 heicteár (1%) sula mbeadh aon leibhéal suntais i gceist. Ní sháraítear an t-achar sin. In imeacht na mblianta idir 2010 agus 2018, tháinig ardú 3% ar líon na mbeithíoch i Réigiún an Iarthair agus ardú 11% ar líon na gcaorach (An Phríomh-Oifig Staidrimh). Is léiriú an t-ardú ar fhigiúirí den sórt sin gur acmhainn cur le toradh na talmhaíochta ainneoin talamh a chailliúint mar gheall ar fhorbairt foirgníochta agus ar bhóithre nua. Dá réir sin, ní dócha go dtarlóidh |

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta |
|---|---|
| | tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir le cúrsaí talmhaíochta. |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** I rith na gcéimeanna tógála, sa chás go dtarlaíonn an fhorbairt ar na tograí (mar a liostaítear in Tábla 1 agus 3 sa tuarascáil bhreise seo agus in Alt 19.5 sa TMTT) cóngarach do shuíomh tógála an N6 CBCG, cinnteofar trí bhearta maolúcháin a chur i bhfeidhm (maidir leis an N6 CBCG agus leis na tograí eile sin) nach dócha aon tionchar suntasach cumaisc, díreach ná indíreach, ar chaighdeán an aeir a theacht chun cinn mar a mbeadh baol go dtarlódh sin.<br>Cruthófar, maidir leis an N6 CBCG beartaithe ar a áireamh i gcumasc leis na tograí beartaithe (mar a liostaítear in Tábla 1 agus 3 sa tuarascáil bhreise seo agus in Alt 19.5 sa TMTT) agus go háirithe le tograí na n-áitreabh cónaithe, astaíocht charbóin i rith chéim na tógála. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA[24], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más ó na tograí seo sin nó ón N6 CBCG nó ó thograí agus an N6 CBCG in éineacht. Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ar chúrsaí aeráide, ar a n-áireamh le chéile, ag an N6 CBCG, na tograí a liostaítear in Alt 19.5 sa TMTT agus na tograí a liostaítear in Tábla 1 agus 3 sa tuarascáil bhreise seo agus meastar go dtarlóidh tionchar carnach suntasach. |
| | **Torann agus Creathadh:** Ón obair thógála ar an N6 CBCG a thiocfaidh an tionchar is mó maidir le torann agus creathadh ag na háitribh is gaire do líne an bhóthair rud a fhágfaidh gurb í an fhorbairt sin is mó i gceist maidir le leibhéil torainn i rith chéim na tógála ar an mbóthar féin. Níos faide ó láthair na tógála ar an mbóthar beartaithe, beidh an obair thógála ar thograí eile (mar a liostaítear in Tábla 1agus 3 sa tuarascáil bhreise seo agus in Alt 19.5 sa TMTT) ar an tionchar is mó maidir le torann agus creathadh ag na háitribh braite is gaire do theorainneacha na suíomhanna éagsúla. Ar an tionchar carnach maidir leis an N6 CBCG i gcumasc leis na pleananna agus na tograí a shonraítear i gCaibidil 19 sa TMTT agus in Tábla 1 agus 3 thuas a mheas, ní tharlóidh, i bhfianaise chineál agus láthair na dtograí sin, aon tionchar suntasach, díreach ná indíreach, maidir le torann agus creathadh. |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Maidir le dreach na tíre agus cúrsaí radhairc, ar an N6 CBCG a mheas i gcumasc leis na tograí ar fad a liostaítear in Alt 19.5 sa TMTT agus in Tábla 1 agus 3 sa tuarascáil bhreise seo, meastar nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach mar gheall ar fhad ó láthair, deighilt fisiciúil agus amhairc, criosrangú cuí maidir le húsáid talún nó mar gheall ar scáthphandáil atá láithreach nó beartaithe. |
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Ar na tograí thuas ar fad a liostaítear in Tábla 1 agus 3 maille lena liostaítear i gCaibidil 19 sa TMTT a mheas i gcumasc leis an N6 CBCG beartaithe, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair maidir le cúrsaí seandálaíochta, leis an oidhreacht ailtireachta ná leis an oidhreacht chultúir, díreach ná indíreach, is dócha a tharlódh. Is amhlaidh an cás mar gheall den chuid is mó go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh ón N6 CBCG beartaithe. Tagann san áireamh chomh maith fad na dtograí ón scéim bóthair atá beartaithe, cineál agus scála na |

[24] Nóta treorach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Plean/Togra Uimh. Thag. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta |
|---|---|
| | forbraíochta agus an timpeallacht faoi láthair sna ceantair ina ndéanfar an fhorbraíocht sin. |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Ar na tograí ar fad (i.e. a liostaítear in Tábla 1 agus 3 thuas maille lena sonraítear i gCaibidil 19 sa TMTT) a mheas i gcumasc leis an N6 CBCG, meastar i gcónaí ar an scála áitiúil gur beag an chailliúint a tharlóidh maidir le hithir nó gnéithe geolaíochta. Leagtar amach bearta agus coinníollacha maolúcháin sa CEMP maidir le tograí faoi leith agus sa CEMP maidir leis an N6 CBCG. Dá réir sin, meastar nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, maidir leis an ithir ná gnéithe geolaíochta mar gheall ar an N6 CBCG beartaithe a mheas i gcumasc leis na tograí ar fad a liostaítear in Alt 19.5 sa TMTT agus in Tábla 1 agus 3 sa tuarascáil bhreise seo. |
| | **Hidrigeolaíocht:** Maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta, ar an N6 CBCG a mheas i gcumasc leis na tograí ar fad a liostaítear in Alt 19.5 sa TMTT agus in Tábla 1 agus 3 sa tuarascáil bhreise seo, meastar nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach. Is amhlaidh an cás mar gheall den chuid is mó go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar chúrsaí hidrigeolaíochta a d'eascródh ón N6 CBCG beartaithe. Tagann san áireamh chomh maith ionad na dtograí i gcomórtas leis an scéim bóthair atá beartaithe (e.g. fad ó láthair nó ionad le fána ón N6 CBCG), cineál agus scála na forbraíochta agus easpa ceangail leis na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. |
| | **Hidreolaíocht:** Maidir le cúrsaí hidreolaíochta, ar an N6 CBCG a mheas i gcumasc leis na tograí ar fad a liostaítear in Alt 19.5 sa TMTT agus in Tábla 1 agus 3 san imleabhar breise seo, meastar nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, ar ghnéithe hidreolaíochta mar gheall go ndéanfar bainistíocht maidir le rith le sruth aimsir stoirme mar chuid de chóras SUDS (draenáil uirbeach inbhuanaithe), de réir polasaí forbartha, sa chaoi is nach dtarlaíonn breis tuilte mar gheall ar na tograí go léir, go gcosnaítear caighdeán an uisce trí bhearta dearthóireachta sonracha maidir le suíomh an N6 CBCG agus go gceanglaítear na tograí beartaithe uilig a luaitear in Tábla 1 agus 3 le Córas Draenála Chathair na Gaillimhe maidir le hEisilteach Bréan a dtugtar an dara agus an tríú leibhéal cóireála air in Inis Caorach sula scaoiltear isteach i gCuan na Gaillimhe é. |
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** Ní shonraítear le ceann ar bith de na tograí a ndéantar measúnú ina leith thuas gur dócha aon toradh iarmharach suntasach chun dochair dá mbarr ar chúrsaí bithéagsúlachta. Déantar/rinneadh, i ngach cás, bearta maolúcháin a mholadh d'fhonn a chinntiú nach dócha aon tionchar iarmharach suntasach chun dochair ar chúrsaí bithéagsúlachta ag na tograí, astu féin ná mar thionchar carnach i gcumasc lena chéile.<br><br>Mar a luaitear de bhreithiúnas i gCaibidil 10, Bithéagsúlacht, sa TMTT maidir leis an N6 CBCG beartaithe, agus le haird ar na bearta maolúcháin a dtugtar tuairisc mhion orthu san áit chéanna, (féach Alt 8.6 sa TMTT), is dócha go mbeidh tionchar suntasach iarmharach ag an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt ar chúrsaí bithéagsúlachta mar gheall ar ghnáthóg a chailliúint (réimsí san áireamh de ghnáthóg de chineálacha Iarscríbhinn I, idir chineálacha príomhthábhachta agus eile), an fabhcún gorm a chur as ionaid neide i gCairéal Leacaigh go buan agus tionchar a imirt go háitiúil ar an ialtóg mar gheall ar réimsí gnáthóige a chailliúint, réimsí talún a dhealú óna chéile, cur isteach agus baol báis. Maidir le gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I, tugtar san áireamh leis an tionchar suntasach iarmharach a thuartar an cás go mbeidh an fhorbairt atá beartaithe ar an mbóthar ag cur leis an bpátrún reatha maidir le gnáthóg de chineálacha Iarscríbhinn I a chailliúint sa cheantar. Ina ainneoin sin, faoi mar a mheastar in Alt 8.8 sa |

| **Plean/Togra Uimh. Thag.** | **Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta** |
|---|---|
| | TMTT, ní dócha go dtarlóidh tionchar suntasach carnach, i gcumasc leis an mbóthar beartaithe a fhorbairt, mar gheall ar cheann ar bith de na pleananna ná na tograí a tugadh faoi bhreithniú mar chuid den mheasúnú maidir le tionchar carnach, i gcás aon cheann amháin acu ann féin ná ar a n-áireamh in éineacht.<br><br>Ar na bearta maolúcháin maidir leis na tograí ar fad a thugtar faoi mheas thuas a thabhairt san áireamh chomh maith leis na bearta maolúcháin a mholtar sa TMTT maidir leis an N6 CBCG, níl aon seans go dtiocfadh tionchar carnach chun cinn mar gheall ar an mbóthar beartaithe a fhorbairt i gcumasc le haon cheann ar bith de na tograí breise a bhreithnítear sa cháipéis seo, nó iomlán na dtograí breise sin le chéile ná i gcumasc leis na pleananna agus na tograí a bhreithnítear ó thús sa TMTT, a chuirfeadh leis an tionchar suntasach iarmharach measta maidir le cúrsaí bithéagsúlachta atá á thuar i ndáil leis an N6 CBCG. |